Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Tuarascáil Bhliantúil 2008

Clár

Réamhrá leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe 2

Ráiteas Bunchuspóra 4

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann? 5

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí 5

Cuid 1 – Túseolas 6

Cuid 2 – Forbairtí Ríthábhachtacha i 2008 10

Cuid 3 – Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2007-2009 22

Sprioc Ardleibhéil 1 23

Sprioc Ardleibhéil 2 29

Sprioc Ardleibhéil 3 35

Sprioc Ardleibhéil 4 39

Sprioc Ardleibhéil 5 41

Cuid 4 - Aguisíní 50

Aguisín 1 – Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta na hOifige 51

Aguisín 2 – Forléargas ar Aonaid na hOifige 53

Aguisín 3 – Staitisticí Iarratas/Próiseála 57

Aguisín 4 – Staitisticí Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE 65

Aguisín 5 – Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2008 71

Aguisín 6 – Sonraí Airgeadais 73

Gluais Téarmaí 75

Réamhrá leis an gCoimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe

Tá áthas orm an t-ochtú Tuarascáil Bhliantúil de chuid Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC) a chur i láthair.

Gheofar sa Tuarascáil Bhliantúil seo cur síos ar an dul chun cinn a rinneadh i 2008 chun na spriocanna agus na cuspóirí dúshlánacha a cuimsíodh inár Ráiteas Straitéise 2007-2009 a bhaint amach. Is í seo an dara tuarascáil faoin Ráiteas Straitéise agus an dara Tuarascáil Bhliantúil ó ceapadh mé im' Choimisinéir in Iúil 2007.

Ba é 3,866 líon iomlán na n-iarratas ar stádas dídeanaí a fuarthas i 2008. Is ionann an líon sin agus laghdú 3% in iarratais i gcomparáid le 2007 agus is é an líon iarratas bliantúil is ísle ó 1997 é.

I gcaitheamh na bliana, ba mhór an dul chun cinn a rinneadh i bpróiseáil iarratas. Rinneadh 4,581 cinneadh arb ionann é agus méadú de 10.3% ar 2007.

Ag deireadh na bliana bhí 1,200 cás ag feitheamh ar phróiseáil san Oifig ach ní raibh ach 116 cás díobh sin idir lámha le breis is sé mhí.

I 2008, sceidealadh gach iarratas a próiseáladh faoi Threoir Bheartú Tosaíochta ón Aire (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna an-láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) go críoch laistigh de 22 go 23 seachtain. Mar thoradh ar bhainistiú réamhghníomhach agus acmhainn mhéadaithe sa sceideal agallóireachta, bhí ar ár gcumas i dtreo dheireadh 2008 na tréimhsí próiseála a laghdú go 19 go 21 seachtain sna cásanna sin.

Bhí an úsáid ba mhó ab fhéidir á baint ag an Oifig i gcónaí as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE, a chinneann cé acu Stát den AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Rinneadh 385 cinneadh i 2008 faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE, i gcomparáid 368 i 2007. Tacaíocht eile le hoibríochtaí na hOifige i 2008 ab ea creat méarlorg EURODAC, i gcomhthéacs oibriú Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE. I gcaitheamh na bliana cuireadh 3,402 foireann méarlorg de chuid lucht iarrtha tearmainn chuig EURODAC agus dearbhaíodh comhoiriúint i gcás 359 díobh.

Tugadh isteach AVATS (Uathchóras Iarratas agus Rianaithe Víosa, de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann) i bhFáiltiú na hOifige agus in Aonaid Bhaile Átha Cliath chun iarratais ar thearmann a bhrath i gcás go raibh víosa Éireannach faighte ag iarratasóir ach nár dearbhaíodh aon phas nó doiciméadú cuí eile san Oifig.

Bhí ionadaí agam i gcónaí i 2008 ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT) agus, i gcomhar le RAT, chinntigh an Oifig go bhféadfadh Oifigigh Láithreoireachta an t-uasmhéid éisteachtaí sa tseachtain a sheirbhísiú. Chiallaigh sin gur seirbhísíodh suas le 2,091 éisteacht, i gcomparáid le 1,672 i 2007, arbh ionann é agus méadú de 25%.

Tugadh an obair chun críche i 2008 chomh maith chun Painéal Láithreoireachta sealadach a chur ar bun, a bheadh comhdhéanta d'abhcóidí, dlíodóirí agus céimithe dlí, a chuaigh i mbun oibre go luath i 2009 chun riaráiste ar leith de chásanna in RAT a ghlanadh.

Cúis áthais is ea í dom chomh maith a thabhairt ar aird gur thit líon na ndúshlán dlí in aghaidh mholtaí na hOifige de 30% nó mar sin i 2008. Aithníonn sin *inter alia* an t-uafás oibre a rinneadh i dtaca le hathbhreithniú agus feabhsú leanúnach ar nósanna imeachta agus ar phróisis san Oifig, chomh maith le hoiliúint agus forás foirne.

Cuireadh socruithe níos láidre ar bun in Aibreán 2008 maidir le gáinneáil ar dhaoine idir an Oifig, Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda. Chinntigh sin córas níos éifeachtaí ar bhonn trasghníomhaireachta mar a gcuirtear an Biúró ar an eolas láithreach i gcás daoine a mheastar a gáinneáladh.

Lean an Oifig uirthi ag díriú ar sheirbhís den scoth a sholáthar do chustaiméirí i 2008. Rinneadh dhá shuirbhé ar chustaiméirí, ceann amháin ar na Comhlachtaí Reachtacha agus Dlí a ndéileálann an Oifig leo, agus an dara ceann ar thráthúlacht agus ar cháilíocht chomhfhreagras scríofa na hOifige. Torthaí dearfacha a fuarthas i gcás an dá suirbhé. Réitíodh Plean Gníomhaíochta nua Sheirbhís do Chustaiméirí don bhliain 2009 chomh maith a thug srac-chuntas ar ghealltanais na hOifige i dtaca le seirbhís cháilíochta a sholáthar chun freastal do riachtanais ár gcustaiméirí.

Rinneadh an t-uafás oibre i gcaitheamh na bliana chun pleanáil do thabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, faoi réir fhormheas dhá Theach an Oireachtais. Bhí Foireann Idirlinne saincheaptha don Nós Imeachta Aonair i mbun oibre i gcónaí chun a chinntiú go mbeidh an Oifig nua Próiseála Iarratas laistigh d'INIS, a thiocfaidh in áit na hOifige, in ann an reachtaíocht nua bheartaithe a chur chun feidhme láithreach ón uair a achtófar é agus ón dáta tús feidhme ina dhiaidh sin.

Bhí an Fhoireann Idirlinne ag obair ar fhorbairt an doiciméadaithe a bheas ag teastáil ón reachtaíocht nua agus chomh maith leis sin ar na nósanna imeachta, córais agus lámhleabhair oiliúna nua a bheas ag teastáil chun é a chur chun feidhme go héifeachtach.

Bhí ionadaí ag an Oifig i gcónaí ar shraith d'Fhoirne Tionscadail um Bainistiú ar Athrú a bhunaigh Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun forálacha na reachtaíochta nua a chur chun feidhme.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil uair amháin eile leis an bhfoireann in Oifig Bhaile Átha Cliath Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe as a dtacaíocht leanúnach i gcaitheamh na bliana ag féachaint go speisialta don soláthar oiliúna ar dhlí agus ar nósanna imeachta dídeanaí.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil chomh maith leis an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe as a dtacaíocht leanúnach d'fhoireann na hOifige.

Ar deireadh, ba mhaith liom buíochas ar leith a ghabháil le foireann na hOifige ar chuidigh a dtiomantas, a ngairmiúlachas agus a n-obair dhian linn ár gcuspóirí agus ár gcroífheidhmeanna a chomhlíonadh i 2008 agus leanúint de bheith ag freastal dár n-oibleagáidí faoin dlí intíre agus faoin dlí idirnáisiúnta.

David Costello
Coimisinéir

Ráiteas Bunchuspóra

Is é Ráiteas Bunchuspóra Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe de réir Acht na nDídeanaithe, 1996:

(i) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhaoine atá ag lorg dearbhú um stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt,Comhionannais agus Athchóirithe Dlí,*

agus

(ii) *imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ó dhídeanaithe go gceadófaí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,*

agus, dá réir sin, seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar dár gcustaiméirí trí beartais agus nósanna imeachta atá cóir agus oscailte a chur i ngníomh, agus caitheamh le gach iarrthóir le cúirtéis agus le tuiscint.

Cé is Iarrthóir Tearmainn Ann?

Iarrthóir tearmainn is ea duine ar mian leis/léi aitheantas a fháil mar dhídeanaí de réir théarmaí Choinbhinsean 1951 na Ginéive maidir le stádas dídeanaithe agus Prótacal gaolmhar 1967, a sholáthraíonn an bunús leis an gcóras idirnáisiúnta um chosaint dídeanaithe.

An Sainmhíniú ar Dhídeanaí

An sainmhíniú ar dhídeanaí i ndlí na hÉireann ná "duine atá, de dheasca eagla a bhfuil bonn léi go ndéanfar géarleanúint a imirt air nó uirthi ar chúiseanna cine, creidimh nó náisiúntachta, nó ar chúiseanna comhaltas grúpa sóisialach ar leith nó tuairimí polaitíochta a bheith aige nó aici, lasmuigh de thír a náisiúntachta agus nach bhfuil sé nó sí in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil sé nó sí toilteanach leas a bhaint as cosaint na tíre sin; nó duine, nach bhfuil náisiúntacht aige nó aici agus atá lasmuigh de thír a iarghnáthchónaithe nó a hiarghnáthchónaithe, nach bhfuil in ann nó, de bharr na heagla sin, nach bhfuil toilteanach filleadh uirthi…".

Cuid 1

Túseolas

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Cuid 1 - Túseolas

An Creat Dlí

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996, bunaíodh dhá oifig reachtúla neamhspleácha, Samhain 2000, chun breithniú a dhéanamh ar iarratais/achomhairc le haghaidh stádas dídeanaí agus chun moltaí a dhéanamh don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i dtaobh ar chóir an stádas sin a dheonú. Is iad an dá oifig sin ná Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (ORAC), a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí don chéad chéim agus an Binse Achomhairc do Dhídeanaithe, a bhreithníonn iarratais ar dhearbhú ag céim an achomhairc.[1]

Tá feidhmeanna reachtúla an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leagtha amach in Acht na nDídeanaithe, 1996 arna leasú leis an Acht Inimirce, 1999, leis an Acht um Inimircigh Neamhdhleathacha (Gáinneáil), 2000, an Acht Inimirce, 2003 agus an Acht Inimirce, 2004. Sa tuarascáil seo, ciallaíonn an téarma "Acht na nDídeanaithe, 1996" Acht na nDídeanaithe, 1996 (arna leasú).

Ina theannta sin, bíonn aird ag an Oifig ar na hIonstraimí Reachtúla (IR) seo a leanas le linn di a gnó a sheoladh:

- I.R. Uimh. 344 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Ionaid agus Dálaí Coinneála), 2000.
- I.R. Uimh. 345 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Foirm Iarratais), 2000.
- I.R. Uimh. 346 de 2000 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Deimhniú Cónaí Sealadach), 2000.
- I.R. Uimh. 415 de 2003 – Na Rialacháin um an Acht Inimirce 2003 (Alt 7) (Tosach Feidhme), 2003.
- I.R. Uimh. 424 de 2003 – Na Rialacháin um Acht na nDídeanaithe, 1996 (Achomhairc), 2003.
- I.R. Uimh. 422 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2003.
- I.R. Uimh. 423 de 2003 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Alt 22), 2003.
- I.R. Uimh. 714 de 2004 – An tOrdú um Acht na nDídeanaithe 1996 (Tíortha Tionscnaimh Sábháilte), 2004.
- I.R. Uimh. 518 de 2006 – Rialacháin na bPobal Eorpach (Cáiliú do Chosaint) 2006.

Feidhmeanna an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

Deirtear in Acht na nDídeanaithe, 1996, go mbeidh an Coimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe neamhspleách i bhfeidhmiú a chuid nó a cuid feidhmeanna, ar feidhmeanna idir reachtúil agus neamhreachtúil iad. Is iad na freagrachtaí ríthábhachtacha reachtúla ná:

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais uathusan atá ag lorg dearbhú ar stádas dídeanaí agus moltaí cuí a eisiúint don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin,
  agus

[1] *Tá cur síos mionsonraithe ar phróiseas an tearmainn le fáil ar shuíomh idirlín na hOifige (www.orac.ie).*

- imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ag dídeanaithe go ligfí do dhaoine ina dteaghlach teacht isteach sa Stát agus cónaí ann, agus tuairisciú don Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar na hiarratais sin.

Faoi Acht na nDídeanaithe, 1996 is é freagracht an Choimisinéara chomh maith:

- Deimhnithe Cónaí Sealadach a eisiúint do lucht iarrtha tearmainn.
- cloí le haon ordacháin ón Aire maidir le tosaíocht do chatagóirí áirithe iarrthóra.
- cur i láthair chás an Choimisinéara leis an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe a threorú i gcás go ndéantar achomharc chun an Bhinse in aghaidh moltaí arna ndéanamh ag an gCoimisinéir
- faisnéis, a ndéantar foráil ina leith i reachtaíocht, a sholáthar d'Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, agus do ghníomhaireachtaí cuí Rialtais.
- mionaoisigh gan duine ina gcuideachta a atreorú chuig Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte de réir alt 8 (5) d'Acht na nDídeanaithe, 1996.

Cé gur ar an gCoimisinéir atá an fhreagracht dheiridh as na feidhmeanna reachtúla sin a chomhlíonadh faoi Acht 1996, féadfaidh an Coimisinéir na feidhmeanna sin a tharmligean chuig comhalta foirne ar bith.

Tá feidhmeanna neamhreachtúla ag an gCoimisinéir freisin. Orthu seo tá:

- a chinntiú maidir le gach iarratas ar thearmann ag an gcéad chéim go ndéantar iad a phróiseáil agus go bpléitear leo go cothrom, go cúirtéiseach agus go héifeachtach.
- ordacháin a eisiúint ar fheidhmiú praiticiúil Acht na nDídeanaithe, 1996 agus ar nósanna imeachta agus caighdeáin oibre.
- a chinntiú go bhfuil faisnéis leordhóthanach ar thíortha tionscnaimh iarrthóirí tearmainn agus ar an dlí-eolaíocht agus ar an gcleachtas idirnáisiúnta i réimse an tearmainn ar fáil don fhoireann.
- páirt a ghlacadh i bhfóraim idirnáisiúnta ar chúrsaí tearmainn.
- bainistiú a dhéanamh ar fheidhmíocht foirne agus ar oiliúint agus forás.
- plé le ceisteanna ón bpreas.
- an buiséad, an Ráiteas Straitéise agus Plean Gnó na heagraíochta a ullmhú agus a bhainistiú.

Luachanna Ríthábhachtacha na hOifige

Is iad na luachanna ríthábhachtacha is bonn treorach d'obair na hOifige ná:

- **Neamhspleáchas** – Neamhspleáchas maidir le próis agus cinnteoireacht.
- **Cothrom na Féinne** – Nósanna imeachta cothroma a chuirtear in iúl d'iarrthóirí tearmainn.
- **Daingne** – Daingne maidir le hoibleagáidí reachtúla a chur chun feidhme.
- **Fónamh do na príomhpháirtithe leasmhara** – Tiomantas i leith seirbhíse d'iarrathóirí agus do pháirtithe leasmhara eile mar chuid dár dtiomantas foriomlán do sheirbhís éifeachtach a sholáthar do chustaiméirí.
- **Inrochtaineacht -** Teacht ar scéimeanna agus seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.
- **Tiomantas don fhoireann** – A aithint gurb iad an fhoireann an acmhainn is luachmhaire dá bhfuil ag an Oifig agus timpeallacht a chothú inar féidir leo obair éifeachtach a

dhéanamh agus an gealladh atá iontu féin a fhorbairt chun leas na hOifige go sonrach agus chun leas a saoil oibre féin i gcoitinne.

- **Tiomantas don sárchaighdeán** – Obair a dhéanamh ar chaighdeán a chinnteoidh torthaí ardcháilíochta agus tráthúla.
- **Oscailteacht** – Cumarsáid a dhéanamh le hiarrthóirí tearmainn, leis an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le hArd-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, agus leis an bpobal ar shlí a spreagann iontaoibh as oibriú na hOifige.
- **Éifeachtacht maidir le húsáid acmhainní** – A chinntiú go mbaintear úsáid éifeachtach as na hacmhainní atá ar fáil gan cur isteach ar chaighdeáin.
- **Comhpháirtíocht -** Cur chuige comhpháirtíochta a ghlacadh i leith nuála san ionad oibre agus bainistiú ar athruithe agus cultúr rannpháirtíochta, oscailteachta agus measa frithpháirtigh a chothú.

Maoiniú agus Foireann don Oifig

Is é an Stát, tríd an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, a chuireann an maoiniú ar fáil le haghaidh Oifige an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe. Foráiltear in Acht 1996 gur "Státseirbhísigh de réir bhrí Acht Rialuithe na Stát-Seirbhíse, 1956, a bheidh i gcomhaltaí fhoireann an Choimisinéara."

Foráiltear in Acht 1996 freisin go bhféadfaidh "an Coimisinéir aon cheann dá fheidhmeanna nó dá feidhmeanna faoin Acht seo… a tharmligean chuig aon chomhaltaí d'fhoireann an Choimisinéara ach na feidhmeanna a bhronntar ag Alt 7".

Seachas foireann na seirbhísí, ainmnítear gach comhalta foirne mar oifigeach údaraithe ar a c(h)eapadh.

Ceanglais Tuairiscithe

Is iad ceanglais tuairiscithe an Choimisinéara, mar atá leagtha amach in Acht 1996, na cinn seo a leanas:

- tuarascáil a chur faoi bhráid an Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ar a chuid nó a cuid gníomhaíochtaí tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis deireadh gach bliana. Leagfaidh an tAire cóip den Tuarascáil Bhliantúil os comhair gach Tí de Thithe an Oireachtais.
- an fhaisnéis chuí go léir a sholáthar don Aire, ar bhonn leanúnach, chun a chur ar a chumas nó ar a cumas cuntasacht agus freagracht an Aire a fheidhmiú i ndáil leis an Oifig.
- gach cuntas is cuí agus is gnách a choimeád ar an airgead uile a gheofar nó a chaithfear agus gach cuntas speisialta (más ann) mar a d'ordódh an tAire.
- na cuntais sin a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena n-iniúchadh ar dháta a shonróidh an tAire. Cuirfear cóip de na cuntais sin nó sliocht astu ar fáil don Aire mar aon le tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus cuirfidh seisean nó sise iad araon faoi bhráid gach Tí de Thithe an Oireachtais.

(Faigheann Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe leithroinnt bhliantúil cistí arb é nó í Ard-Rúnaí na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí an tOifigeach Cuntasaíochta ina leith agus áirítear cuntais na hOifige i gcuntais bhliantúla na Roinne.)

Cuid 2

Forbairtí Ríthábhachtacha i 2008

Cuid 2 - Forbairtí Ríthábhachtacha i 2008

Próiseáil Iarratas

- I 2008, fuarthas 3,866 iarratas ar stádas dídeanaí. Ba ionann an figiúr sin agus laghdú de 3% in iarratais i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Ba é 322 meán na n-iarratas a fuarthas gach mí, ba i mí Mhéan Fómhair a bhí an líon ab airde nuair a fuarthas 360 iarratas.

- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn i gcaitheamh na bliana maidir le próiseáil iarratas. Ag deireadh 2008 bhí 1,200 cás nó mar sin idir lámha, ach ní raibh ach 116 díobh sin idir lámha le breis is sé mhí. Ag deireadh na bliana, iarratais a fuarthas sa dara leath de 2008 ab ea formhór mór na n-iarratas a bhí fós le próiseáil.

- Rinneadh 4,581 cinneadh arb ionann é, i gcomparáid le 4,152 i 2007, arb ionann é agus méadú de 10.3%.

- I 2008, próiseáladh 28.4% de na hiarratais ar fad faoi Threoir Bheartú Tosaíochta ón Aire, a tugadh isteach le reachtaíocht mí Mheán Fómhair 2003. I ndáiríre, sceidealadh gach iarratas tosaíochta (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseann míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéid de 8 lá oibre eile, a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

- Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseann míochaine nó ar chúiseanna an-láidre eile, nó mar shampla i ngeall ar athbhreithnithe breithiúnacha) go críoch laistigh de 22 go 23 seachtain i 2008. Bhraith na tréimhsí próiseála ar thosca éagsúla ar nós iomlaoid foirne oilte agus an riar cásanna a bheith ag éirí níos casta an t-am ar fad. Ach lean an monatóireacht leanúnach ar amscálaí próiseála agus rinneadh beart chun an sceideal agallamh a bhainistiú agus moill a choimeád chomh gearr agus ab fhéidir. Mar thoradh ar bhainistiú réamhghníomhach agus acmhainn mhéadaithe sa sceideal agallóireachta, bhí ar ár gcumas i dtreo dheireadh 2008 na tréimhsí próiseála a laghdú go 19 go 21 seachtain sna cásanna sin.

- Iarrtar ar iarrathóirí ar thearmann comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn. I gcásanna inar theip ar iarrthóirí comhoibriú measadh iad a bheith aistarraingthe de réir fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. I 2008, bhí 567 cás sa chatagóir de chásanna a measadh a bheith aistarraingthe.

- Fuarthas 98 iarratas i 2008 ó Mhionaoisigh gan Duine ina gCuideachta a bhí ag lorg tearmainn, arb ionann sin agus 2.5% de líon iomlán na n-iarratas a fuarthas. Ba é an t-amfráma maidir le próiseáil iarratas ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire 5 seachtain ó dháta an iarratais.

- Thug an Oifig tosaíocht i gcónaí de réir na riachtanas reachtúil d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Fuarthas 261 iarratas san iomlán ó dhaoine a bhí faoin choinneáil. Ba ionann sin agus 6.8% de na hiarratais ar fad a fuarthas.

- Cuireadh eochair-straitéisí chun tacú leis na Spriocanna Ardleibhéil mar a gcuirtear síos orthu i Ráiteas Straitéise na hOifige chun feidhme go héifeachtach i gcaitheamh 2008. Orthu seo bhí úsáid agus imscaradh acmhainní chun an t-uasmhéid de chinntí cáilíochta agus láidir ó thaobh dlí a sheachadadh. Bhí tacaíocht den scoth á cur ar fáil don Oifig i gcónaí de réir mar ba ghá ag Oifig Ard-Choimisinéara na Náisiún Aonaithe do Dhídeanaithe agus a scoth-oiliúnóirí.

- Tosaíocht ab ea í i gcónaí don Oifig ardleibhéal cáilíochta a choimeád in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas ar thearmann agus bhí sé ar cheann dár Spriocanna Ardleibhéil mar atá leagtha amach inár Ráiteas Straitéise 2007-2009. D'éirigh linn é sin a dhéanamh le forás leanúnach foirne, oiliúint ar ardchaighdeán agus meantóireacht. I gcaitheamh na bliana, cuireadh oiliúint i dtaobh Cinneadh Stádas Dídeanaí ar fáil do gach ball foirne nuashannta chomh maith le hathoiliúint Cinneadh Stádas Dídeanaí d'oibrithe cásanna leithleacha níos cleachta. Lena chois sin, tiomsaíodh clár oiliúna sonrach chun déileáil leis an Acht um Bearta Frithgháinneála ar Dhaoine i gcomhthéacs an Acht um Dhídeanaithe, 1996 agus cuireadh ar fáil é don fhoireann ar fad atá bainteach le próiseáil iarratas ar thearmann.

- Ar na tionscnaimh eile ar tugadh fúthu bhí athbhreithnithe rialta ar phróifíl na n-iarrthóirí agus treochtaí i gcinéalacha cásanna atá ag teacht chun cinn. Leanadh de oiliúint speisialaithe a chur ar fáil don fhoireann faoi mar ba ghá chun iad a threalmhú chun déileáil go tuisceanach agus go cuí le grúpaí soghortaithe amhail íospartaigh gáinneála, páistí gan duine ina gcuideachta a bhí ag lorg termainn agus iarrthóirí ban a d'fhulaing éigniú agus foréigean gnéasach ina dtír tionscnaimh.

- Cuireadh socruithe níos láidre ar bun i 2008 maidir le gáinneáil ar dhaoine idir an Oifig, Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda.

- Neartaíodh chomh maith na socruithe tuairiscithe inmheánaigh laistigh den Oifig i dtaca le cásanna de gháinneáil ar dhaoine.

- I gcaitheamh 2008, bhí dlí ábhartha an AE maidir le nósanna imeachta agus cáilíochtaí tearmainn á léiriú agus á gcorprú i gcónaí inár gcleachtais oibre agus nósanna imeacht agus bhí oiliúint ar oibleagáidí dlí an AE á soláthar do bhaill foirne nuacheaptha.

- Bhí teagmháil leanúnach ag an Oifig le Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann agus le Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda i dtaca le nithe éagsúla laistigh den chreat reachtach chun iomláine an phróisis tearmainn a chosaint.

- Mar chuid de thabhairt chun críche dara céim an Chomhchórais Tearmainn Eorpach, tá moltaí á n-ullmhú i láthair na huaire ag Coimisiún an AE chun na Nósanna Imeachta Tearmainn agus na Treoracha um Cháilíochtaí a leasú. Sa dara leath de 2008 d'fhreastail foireann na hOifige ar roinnt cruinnithe mar ar iarradh ar shaineolaithe tearmainn ó na Ballstáit a gcuid tuairimí a roinnt mar gheall ar reachtaíocht nua de chuid an AE sa réimse seo.

- Mí an Mheithimh 2008, ghlac ball foirne de chuid na hOifige páirt mar shaineolaí agus oiliúnóir tíre sa Chirgeastáin, mar chuid de thionscadal a d'fhéach le cumas na n-

údarás imirce i lár na hÁise cloí leis an dlí idirnáisiúnta i ndáil le cinneadh stádas dídeanaí.

- Cleachtas bunaithe is ea é anois san Oifig ríomhaire glúine a úsáid chun sonraí a thaifead ag agallaimh shubstainteacha. Tá sé cruthaithe go gcuireann úsáid ríomhairí glúine ag agallaimh le caighdeán na nótaí agallaimh do iarrthóirí agus dá n-ionadaithe dlí. Cumraíodh na ríomhairí glúine i mbliana le go mbeadh áis bhreise leictreonach wi-fi acu, a chuireann ar chumas na n-oibrithe cásanna leithleacha teacht a fháil ar eolas faoi thír thionscnaimh cothrom le dáta riachtanach agus ar thuarascála creidiúnacha eile láithreach ag na hagallaimh shubstainteacha.

- Le linn 2008, b'údar áthais don Oifig a nótáil gur shocraigh an comhlacht a sholáthraíonn seirbhísí ateangaireachta don Oifig go gcuirfeadh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe cúrsaí oiliúna a sholáthar dá ateangairí i dtaobh ceisteanna dídeanaí agus cosanta i gcoitinne.

- Bhí an úsáid ba mhó ab fhéidir á baint ag an Oifig i gcónaí as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE, a chineann cé acu Stát den AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil. Rinneadh 385 cinneadh faoi Rialacháin Bhaile Átha Cliath II san Oifig i 2008 i gcomparáid le 368 i 2007, arbh ionann é sin agus méadú de 4.6%.

- Bhí comhar á fhorbairt an t-am ar fad le ballstáit eile an AE maidir le próiseas Bhaile Átha Cliath II, a chuidigh go mór chun líon na gcinntí a mhéadú.

- Thacaigh creat méarlorg EURODAC le hoibríochtaí na hOifige i gcónaí i 2008, i gcomhthéacs oibriú Rialachán Bhaile Átha Cliath II. I gcaitheamh na bliana cuireadh 3,402 foireann méarlorg de chuid lucht iarrtha tearmainn chuig EURODAC agus dearbhaíodh comhoiriúint i gcás 359 díobh.

- Lean an Oifig uirthi de lánúsáid a bhaint as an Uathchóras Aitheanta Méarlorg. Forálann an córas seo le haghaidh cumas méadaithe aitheanta méarlorg i dtaca le lucht iarrtha tearmainn. Cabhraíonn an tUathchóras Aitheanta Méarlorg go mór le cumas na hOifige eolas a mhalartú le córas aitheanta méarlorg EURODAC san AE.

- Tugadh isteach AVATS (Uathchóras Iarratas agus Rianaithe Víosa, de chuid Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann) i bhFáiltiú na hOifige agus in Aonaid Bhaile Átha Cliath chun iarratais ar thearmann a bhrath i gcás go raibh víosa Éireannach faighte ag iarrthóir ach nár dearbhaíodh aon doiciméadú pas nó doiciméadú cuí eile san Oifig.

- Is mó iarrthóir nach soláthraíonn pas nó fianaise doiciméadach eile dá gcéannacht nó dá náisiúnacht ráite nó aon doiciméid taistil a thaispeánfadh cé mar a tháinig siad isteach sa Stát. Ach ag an am céanna léiríonn cuid de na hiarrthóirí seo gur thaistil siad go dtí an Stát ar eitleán, rud a chiallódh go mbeadh doiciméid chéannachta, lena n-áirítear víosa ag an bpointe fágála, de dhíth orthu. Ciallaíonn úsáid córas amhail Rialachán Bhaile Átha Cliath II, EURODAC, an tUathchóras Aitheanta Méarlorg agus AVATS chomh maith le comhar feabhsaithe le ballstáit eile an AE go háirithe an Ríocht Aontaithe gur minic a fhaightear eolas ar na hiarrthóirí seo nach mbeadh ar fáil i ngeall ar a laghad doiciméad a chuireann iarrthóirí ar fáil.

- Fuarthas 408 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh i 2008, arbh ionann é agus méadú de 9.4% ar fhigiúr 2007. I gcaitheamh 2008, rinneadh imscrúdú níos grinne ar gach iarratas chun an cás a thabhairt chomh gar le pointe cinnidh agus ab fhéidir, ach cloí le forálacha an Acht um Dhídeanaithe, 1996 i gcónaí. Chiallaigh sin go raibh na tréimhsí próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go heisiúint tuarascáil Alt 18 faoin Acht um Dhídeanaithe, 1996 idir 12 agus 16 seachtaine ar an meán sa bhliain, ach ba theoranta an líon comhad a bhí idir lámha ag aon am amháin. I ndiaidh athbhreithniú ar oibríochtaí an Aonaid um Athaontú Teaghaigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus méadú foirne dá bharr, mhéadaigh líon na gcomhad a atreoraíodh chuig an Oifig sa dara cuid de 2008.

- Rinne Oifigigh Láithreoireachta ionadaíocht i gcónaí ar son an Choimisinéara ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe (RAT) sa bhliain 2008. Uasmhéadaíodh an sceidealú ar feadh na bliana, i gcomhar leis an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe, chun a chinntiú go bhféadfadh Oifigigh Láithreoireachta an t-uasmhéid éisteachtaí a sheirbhísiú sa tseachtain. Chiallaigh sin gur seirbhísíodh suas le 2,091 éisteacht, i gcomparáid le 1,672 i 2007, arbh ionann é agus méadú de 25%.

- Oileadh gach Oifigeach Láithreoireachta a sannadh don Aonad go hiomlán i nósanna imeachta RSD, agus fuair siad sainoiliúint cásoibrí agus oiliúint sa bhfeidhm Láithreoireachta sular sannadh cásanna dóibh le tabhairt os comhair an Bhinse. Leanadh de oiliúnóireacht agus de mheantóireacht ag comhghleacaithe cleachta.

- Déileáladh le gach ceist Alt 16(6) a fuair an tAonad Láithreoireachta ó Bhinse Achomharc na nDideanaithe i 2008 laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas 148 iarratas Alt 16(6) agus 5 iarratas Alt 16(7) i 2008.

- Bhí laghdú ar líon na ndúshlán dlí [1] ina raibh an Oifig mar fhreagraí i gcaitheamh 2008. Tógadh 266 dúshlán dlí i gcaitheamh 2008 (lena n-áirítear 27 cás a tógadh i ndáil le Rialachán Bhaile Átha Cliath II) i gcomparáid le 378 [2] cás i gcaitheamh 2007, laghdú de 29.6%.

- I ngeall ar líon na ndúshlán dlí a fhaigheann an Oifig agus ar an bhfreagracht atá ar an Oifig a chinntiú go bhfaightear luach ar airgead a chaitear ar chostais dlí, lean Aonad na nAthbhreithnithe Breithiúnacha de bheith ag athbhreithniú na gcleachtas agus na nósanna imeachta lena láimhseáltar dúshláin dá sórt, agus oibríodh go dlúth le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus le hAbhcóide sa mhéid seo. Mí na Samhna 2008, leasaíodh struchtúr an Aonaid Athbhreithnithe Breithiúnacha chun tacú le roinnt níos éifeachtaí ar thascanna riar cásanna agus ar thascanna riaracháin, agus an leibhéal riachtanach solúbthachta agus cumarsáide a choimeád idir bhaill foirne.

[1] Cé gur i bhfoirm athbhreithniú breithiúnach a bhíonn formhór na n-agóidí dlíthiúla in aghaidh na hOifige, faightear líon beag agóidí eile, go háirithe toghairmeacha iomlánacha, toghairmeacha sibhialta agus urghaireanna.

[2] Tagann sé seo in ionad an fhigiúir de "440 athbhreithniú breithiúnach" a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2007. Leasaíodh an figiúr sin anuas i ndiaidh atbhreithniú ar riar na gcásanna go déanach i 2008.

- Baineadh úsáid éifeachtach i gcónaí as córais agus nósanna imeachta taighde um Thíortha Tionscnaimh (COI) i gcaitheamh 2008. Bhí Bunachar Sonraí d'Eolas Comhroinnte do Oibrithe Cásanna Leithleacha (CSK) á thabhairt cothrom le dáta i gcónaí chun acmhainn taighde a sholáthar úsáideoirí na hOifige atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Lean an tAonad Tacaíochta um Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh/Taighde laistigh den Oifig de bhailiúchán d'Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh oibiachtúil agus suas chun data a thógáil agus a chothabháil le cur ar fáil do úsáideoirí. Méadaíodh ar an úsáid a bhaintear as acmhainní an Ionaid um Dhoiciméadú Dídeanaithe, ní amháin trí úsáid an chórais Eolas faoi Thíortha Thionscnaimh ach chomh maith leis sin tríd an áis iarratais faoi Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh a líomhchóiriú tuilleadh agus cáilíocht an eolais a rialú.

- Lean an Oifig dá dlúthchomhar leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe agus ar na bealaí oibre bhí bunú grúpa oibre mí an Mhárta 2008 chun féachaint ar conas a d'fhéadfadh an dá eagraíocht an comhar eatarthu a neartú, i dtaca le riachtanais reatha agus ag féachaint do thús feidhme (faoi réir fhormheas dhá thithe an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Uasmhéadaíodh i gcaitheamh na bliana chomh maith an úsáid a bhaintear as an bpróiseas anailíse teanga roimh agallamh cinnte tearmainn. I gceist in Anailís Teanga tá scrúdú a dhéanann saineolaí neamhspleách ar chaint duine, chun bunús tíreolaíoch agus/nó eitneach an duine sin a dhéanamh amach.

- Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta tearmainn, cuireadh tús le comhráite leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe maidir le treoirthionscadal a bhunú maidir le tacaíocht agus cúnamh dlí a mhéadú, agus a úsáid ag céim níos luaithe, i bpróiseas na hOifige, rud ar a dtugtar tús-ualú. Ní raibh deireadh tagtha leis na comhráite faoi dheireadh 2008 ach dealraíonn sé go dtosóidh an treoirthionscadal, nuair a bheidh sé ceaptha, sa chéad ráithe de 2009.

- Lean an tAonad Beartas agus Nósanna Imeachta de phríomhthreoracha nós imeachta agus beartais cothrom a choimeád cothrom le dáta agus athbhreithníodh an Bunachar Sonraí Beartas agus Nósanna Imeachta ionas go n-innéacsaítear gach beartas/nós imeachta anois agus go nasctar é le doiciméid ábhartha eile. Tá an bunachar sonraí níos fusa le húsáid agus le cuartú dá bharr.

- Sholáthair an Oifig ionchur in obair na gComhairlithe Idir-Rialtasacha um cheisteanna Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce, bunaithe sa Ghinéiv agus d'fhreastail ar roinnt grúpaí oibre agus seimineáir a bhain le cúrsaí tearmainn.

Forbairtí Daonacmhainní/Oiliúna

- I 2008 chuir an Oifig béim ar leith i gcónaí ar riachtanais na foirne i dtaca le forbairt agus oiliúint daonacmhainní. Tugadh faoi thionscnaimh chuimsitheacha chuige sin, lena n-áirítear 860 aonad oiliúna.

- Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, dréachtaíodh Plean Oiliúna don bhliain. Chuir an Plean san áireamh tosaíochtaí oiliúna na heagraíochta agus riachtanais oiliúna na ndaoine aonair a aithníodh trí thimthriall PMDS.

- Bhí cláir chuimsitheacha ionduchtúcháin foirne á soláthar do gach ball foirne nua san Oifig.

- Bhí oiliúint á soláthar ag an Oifig i gcónaí i 2008 maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí agus i mbliana díríodh ar mheasúnú ar fhianaise dhoiciméadach agus ar athbhreithniú ar cheisteanna gearleanúna, a sheachaid Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe. Cheap an tAonad Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh/Taighde agus taighdeoirí dlí modúl nua oiliúna ar gháinneáil ar dhaoine chun feasacht a chothú i measc na foirne ar gháinneáil ar dhaoine agus conas ceisteanna a d'fhéadfadh baint a bheith acu le gáinneáil a aithint le linn an phróisis chinntiúcháin. Cuireadh ar fáil é d'oibrithe cásanna leithleacha den chéad uair i Samhain 2008 agus beidh sé ar fáil d'Aonaid eile in am is i dtráth.

- Lean an tionscadal Piarthacaíochta i 2008 agus fuair an fhoireann nua i bPróiseáil Cásanna oiliúint tacaíochta síceolaíche. Ba é cuspóir na piarthacaíochta, a tugadh isteach i 2003, a chinntiú go raibh na córais riachtanacha i bhfeidhm san Oifig chun cuidiú le baill foirne a dhéileálann le hiarrthóirí a bhí mar íospartaigh chéasta nó foirmeacha eile táiríde.

- I gcaitheamh na bliana lean an obair ar fhorbairt chlár cuimsitheach oiliúna mar ullmhúchán do thús fheidhme (faoi réir fhormheas dhá Thithe an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, a chiallóidh go mbeidh an Oifig mar chuid d'Oifig nua Phróiseála Iarratas laistigh de Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce. Tabharfaidh an reachtaíocht nua isteach Nós Imeachta Aonair, mar a mbreithneofar i dteannta a chéile gach cúis lena n-áirítear cosaint a ndéanfadh iarrthóir iarratas chun fanacht sa Stát. Fuarthas cúnamh substaintiúil ón Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe leis an bpróiseas seo.

- Bhí raon scéimeanna Cothromaíocht Oibre is Saoil ar fáil i gcónaí don fhoireanna ar fad.

- Tugadh an Treoirscéim Ríomhoibrithe, a tugadh isteach mí Iúil 2006, chun críche agus athbhreithníodh í. Leathnaíodh an treoirscéim dá bharr.

- I gcaitheamh 2008, athimscaradh ceathrar den fhoireann go dtí an príomh-Roinn i ndiaidh aistriú na hOifige ó chóras TF na hOifige go córas FT Roinnte na Roinne (CITRIX). Bhí idirchaidreamh ar siúl an t-am ar fad leis an tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce chun uasmhéid na bpost formheasta a líonadh.

- Glacadh cinneadh go mbunófaí Painéal sealadach Dlí Láithreoireachta comhdhéanta de abhcóidí, dlíodóirí agus céimithe dlí chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an Choimisinéara ag éisteachtaí achomhairc ó bhéal os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe maidir le riaráiste ar leith cásanna. Ba é Aonad Daonacmhainní na hOifige a riar an phróisis roghnúcháin agus earcaíochta i 2008. Cuireadh fógraí le haghaidh sanntaí don Phainéal seo sna nuachtáin náisiúnta sa chéad tseachtain de Dheireadh Fómhair 2008. Tiomsaíodh gearrliosta agus eagraíodh próiseas agallóireachta. Chuaigh an Painéal i mbun oibríochta i ndiaidh tréimhse oiliún, i mí Feabhra 2009.

- Ghlac an Oifig páirt i gclár na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le haghaidh Intéirneach Dlí. Dearadh an clar chun tuiscint níos fearr a thabhairt do chéimithe dlí ar cheisteanna a bhaineann leis an earnáil phoiblí mar aon le taithí níos leithne agus cuidiú dlí a sholáthar le haghaidh Ranna agus gníomhaireachtaí ag an am céanna. Earcaíodh ceathrar intéirneach dlí le haghaidh sannadh sealadach.

- Bhí oilúint chuí á soláthar ag an Oifig do phríomhbhaill foirne líne thosaigh mar chuid d'obair na hOifige chun géilliúlacht don Acht Míchumais, 2005 agus dá Phlean Gníomhaíochta a chinntiú.

Seirbhís do Chustaiméirí

- Rinneadh dhá shuirbhé ar chustaiméirí i 2008, ceann amháin maidir leis na Comhlachtaí Reachtacha agus Dlí a ndéileálann an Oifig leo agus an dara ceann maidir le comhfhreagras scríofa.

- Ba dhearfach i gcoitinne na torthaí a fuarthas ar an Suirbhé ar Chomhlachtaí Reachtacha agus Dlí. Roinneadh an ceistneoir ina cheithre chuid bainteach le; Seachadadh na Seirbhíse, Sofhreagracht, Inrochtaineacht agus Cumarsáid/Comhairliú.

- Maidir le Seachadadh na Seirbhíse, bhí 73% de fhreagróirí ar aon intinn go raibh foireann na hOifige dea-bhéasach agus cuirtéiseach. I dtaca le sofhreagracht de, d'aontaigh 75% gur pléadh le glaonna gutháin, ríomhphoist agus cumarsáid scríofa go tráthúil. I dtaca le hinrochtaineacht de, d'aontaigh formhór na bhfreagróirí (69%) go raibh siad eolach ar na teagmhálaithe laistigh den Oifig a d'fhéadfadh cabhrú leo lena gcuid ceisteanna. Réimse na Cumarsáide agus an Chomhairlithe is ea a chlúdaigh an chuid dheiridh den suirbhé. D'aontaigh 61% go raibh an t-eolas riachtanach ag pearsanra na hOifige chun tacú lena n-iarratas/riachtanas. Cé gur aiseolas dearfach a fuarthas den chuid is mó, cuireadh aon mholtaí a rinneadh san áireamh le cur i bhfeidhm i gcaitheamh 2009 áit is féidir.

- Rinneadh an dara suirbhé mí na Nollag 2008 agus an Ionad Seirbhísí do Chustaiméirí. Bhain an suirbhé seo le tráthúlacht agus le cáilíocht chomhfhreagras scríofa na hOifige. San áireamh sa suirbhé bhí lucht iarrtha tearmainn, dlíodóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha. Torthaí an-dearfa is ea a fuarthas agus dúirt 86% de fhreagróirí gur bhraith siad go raibh gach eolas a bhí uathu sna freagraí a fuair siad ón Oifig agus dúirt 97% go mbíonn freagraí na hOifige scríofa i mBéarla soiléir sothuigthe.

- Tá torthaí an dá shuirbhé le léamh ar láithreán Gréasáin na hOifige (www.orac.ie).

- Ullmhaíodh agus aontaíodh Plean Nua Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí 2009 ag leibhéal Comhpháirtíochta i 2008. Sa Phlean Gníomhaíochta, atá ar fáil ar láithreán Gréasáin na hOifige, gheofar srac-chuntas ar ghealltanais na hOifige i dtaca le seirbhís ardchaighdeáin a sheachadadh chun freastal do riachtanais ár gcustaiméirí.

- Ar aon dul le gealltanais na hOifige sa Chairt do Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí rianaíodh gach comhfhreagras a tháinig chun na hOifige agus freagraíodh é go hiondúil laistigh de 20 lá oibre ón dáta fála.

- Eagraíodh cruinniú den Phainéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí mí na Nollag 2008. Fóram úsáideach is ea an Painéal seo chun dul i gcomhairle i dtaobh raon leathan ceisteanna agus eolas a sholáthar d'eagraíochtaí neamhrialtasacha maidir le forbairtí a bhaineann le ceisteanna tearmainn.

Comhpháirtíocht

- Gné de chuid déileáil na hOifige leis an bhfoireann agus le ceardchumainn i 2008 ab ea an Chomhpháirtíocht Shóisialach. Cuireadh tionscnaimh éagsúla san áireamh i gcomhráite lena n-áirítear foghlaim san ionad oibre, cur chun cinn na héagsúlachta agus cothromaíocht oibre is saoil, bainistiú ar athrú, cumas bainisteoirí, na foirne agus ceardchumanna a neartú chun athrú a thabhairt isteach agus a bhainistiú go réamhghníomhach, agus chabhraigh na rudaí seo ar fad chun comhpháirtíocht shóisialach a neadú san ionad oibre.

- Cruthaíodh an séú Coiste Comhpháirtíochta mí Mheán Fómhair 2008 agus bhí trí chruinniú acu roimh dheireadh na bliana. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste roimhe sin i gcaitheamh na bliana.

- Ullmhaíodh tuarascáil dul chun cinn ar Phlean Nuachóirithe agus Gníomhaíochta *I dTreo 2016* agus seoladh é chuig an Roinn i mBealtaine 2008. Clúdaíonn an Plean Gníomhaíochta seo an tréimhse suas go Meán Fómhair 2008, leagann amach clár oibre na heagraíochta – i bhfoirm gníomhartha, tréimhsí ama agus táscairí feidhmíochta aontaithe – chun críocha nuachóirithe, solúbthachta agus comhair le hathrú leanúnach san Oifig sa tréimhse sin.

- Faoin Tiosncnamh Bainistíochta Straitéisí bhí cruinnithe ag an bhfoireann amach ón suíomh ar thrí ócáid i gcaitheamh na bliana chun éisteacht le cur i láthair agus topaicí éagsúla is spéis leis an eagraíocht a phlé, lena n-áirítear tabhairt isteach na reachtaíochta nua inimirce agus cosanta, próiseáil iarratas ar thearmainn, teicneolaíocht an eolais agus sláinte agus sábháilteacht.

- Ghlac an fhoireann ar fad sna hAonad Próiseála Cásanna i dteannta lucht bainistíochta sinsearaí san Oifig páirt i dtrí cinn de cheardlanna i mí Aibreán, i mí an Mheithimh agus i nDeireadh Fómhair 2008. Phléigh na ceardlanna seo, *inter alia*, próiseas PMDS, conas úsáid éifeachtach a bhaint as PMDS chun feidhmíocht a bhainistiú, conas iarratais ar thearmann a phróiseáil go héifeachtach, pleanáil ghnó agus measúnú rioscaí i bhfianaise an phróisis phleanála ghnó. Ag na fóraim seo bhí deis ag an bhfoireann a gcuid tuairimí a nochtadh agus moltaí a dhéanamh. Socraíodh ceardlanna eile do bhaill foirne eile san Oifig maidir le próiseas PMDS, pleanáil ghnó agus measúnú ríoscaí a bheadh bainteach leis, agus ar an bpróiseas bainistíochta ar athrú do thabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Lean an scéim mholtaí ón bhfoireann, a thosaigh i 2006, i gcaitheamh na bliana chun deis a thabhairt don fhoireann moltaí a dhéanamh a rachadh chun leasa na heagraíochta.

Teicneolaíocht Faisnéise

- Bhí ionadaíocht ag an Oifig i gcónaí ar an mBord Tionscadail agus ar an mBord Feidhmithe do thionscadal an Uathchórais Aithint Méarlorg (AFIS). Soláthraíonn an AFIS, a tugadh isteach i nDeireadh Fómhair 2007, acmhainn méarloirgaireachta leictreonach níos fearr don Oifig maidir le hiarrthóirí tearmainn agus is fearr é a chumas chun eolas a mhalartú le córas EURODAC san AE. Lean an obair ar fhorbairt thionscadal AISIP (An Clár um Chomhtháthú Straitéiseach Tearmainn agus Inimirce).

- Mar ullmhúcán chun cuid den tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce a dhéanamh don Oifig i ndiaidh achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, socraíodh go n-aistreofaí an Oifig go dtí córas Roinnte FT (CITRIX) na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bunaíodh Grúpa Oibre chun an t-aistriú réidh a mhaoirsiú agus baineadh é sin amach i nDeireadh Fómhair 2008. Fuair gach ball foirne bunoiliúint roimh thabhairt isteach CITRIX.

- Is ar chóras slán cumarsáide leictreonaí – DublinNET – a théann Ballstáit AE Rialachán Bhaile Átha Cliath II i mbun cumarsáide le chéile. Uasghrádaíodh freastalaí ceangail DubliNET Aonad Bhaile Átha Cliath mí na Nollag 2008 go sonraíocht ard nua ar mhaithe le luas agus éifeacht uasta agus eolas aistrithe á chur in iúl.

Forbairtí Corparáideacha

- Bhí Ráiteas Straitéis na hOifige don tréimhse 2007-2009 á chur chun feidhme i gcónaí. Soláthraíonn an Tuarascáil Bhliantúil seo tuairisc ar an obair a rinneadh i gcaitheamh 2008 maidir le baint amach na Spriocanna Ardleibhéil atá sa Ráiteas Straitéise.

- Príomhghnéithe de phleanáil ghnó na hOifige ab ea Bainistiú Rioscaí agus Measúnú Rioscaí i 2008, mar ab amhlaidh i mblianta roimhe sin. Measúnaíodh riosaí ag tús na bliana agus cuireadh maoluithe agus rialuithe i bhfeidhm chun na rioscaí féideartha aitheanta a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar na Spriocanna Ardleibhéil i Ráiteas Straitéise na hOifige a sheach-chur. Bhí seisiún amháin amach lasmuigh de láthair na hOifige ag lucht bainistíochta sinsearaí i dtaobh pleanáil ghnó don Oifig go luath sa bhliain. Rinneadh monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClárleabhar Rioscaí i 2008.

- I bhfianaise na pleanála le haghaidh achtú agus tús feidhme an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, bhí roinn bhreise i bPlean Gnó gach Aonaid a bhain leis an gcreat nua oibriúcháin, agus ag soláthar srac-chuntas ar chuspóirí agus ar na torthaí inmhianaithe don Aonad i ndiaidh thús feidhme na reachtaíochta. Ceapadh Clárleabhar Rioscaí um Bainistiú ar Athrú le haghaidh gach Aonad san Oifig ina

bhfuil mionchur síos ar na príomhdhúshláin i ngach réimse i ndiaidh chur chun feidhme na reachtaíochta nua, na rioscaí a ghabhfaidh léi agus na bearta nár mhór a dhéanamh chun dul i ngleic leo.

- De réir an chleachtais is fearr i mBeartas Bainistíochta Taifead na hOifige le haghaidh bainistiú taifead agus comhad neamhcháis san Oifig, cuireadh seanleabharlanna doiciméad leictreonacha go dtí cartlanna agus ina n-áit ceapadh leabharlanna nua doiciméad a bhfuil gnéithe feabhsaithe um bainistiú taifead san áireamh iontu.

- Thug an oifig faoi roinnt tionscnamh Sláinte agus Sábháilteachta i 2008 chun a chinntiú go gcomhlíonann an Oifig go hiomlán a hoibleagáidí faoin reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Orthu seo bhí Ráiteas nua Beartais Shláinte agus Shábháilteachta, ceapadh príomhphearsanra sábháilteachta agus méadú ar fheasacht agus ar oiliúint na foirne ar cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta.

- Mí Iúil 2008, tharla teagmhas criticiúil lasmuigh de Limistéar Fáiltithe na hOifige. Ar iarratas an Choimisinéara, sholáthar an tSeirbhís Chúnaimh d'Fhostaithe mar aon le Comhairleoirí Seachctracha tacaíocht don fhoireann a bhí bainteach leis.

Bainistiú ar Athrú

- Rinneadh mórchuid pleanála i 2008 le haghaidh tabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, faoi réir fhormheas dhá Theach an Oireachtais. Bhunaigh an tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce Foireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair tiomnaithe i 2007, agus is é an Oifig a bunáit. Is é cuspóir na Foirne Idirlinne a chinntiú go mbeidh an Oifig Próiseála Iarratas nua laistigh den INIS a thiocfaidh in ait na hOifige in ann an reachtaíocht nua bheartaithe a chur i ngníomh a luaithe is a achtófar é.

- Lean an Fhoireann orthu ag obair ar fhorbairt an doiciméadaithe, lena n-áirítear foirmeacha iarratais, litreacha caighdeánacha, ceistneoirí d'iarrthóirí, bileoga eolasi agus teimpléid eile doiciméid a bheith ag teastáil de réir na reachtaíocht nua. D'fhorbair an Fhoireann chomh maith na nósanna imeachta, córais agus lámhleabhair oiliúna nua a bheidh riachtanach chun an reachtaíocht nua cosanta a chur i ngníomh go héifeachtach.

- Bhí ionadaíocht ag an Oifig ar shraith de Fhoirne Tionscadail maidir le Bainistiú ar Athrú a bhunaigh Ard-Stiúrthóir an INIS chun forálacha na reachtaíochta nua a chur i ngníomh.

- Dúshlán mór don Oifig is ea an próiseas athraithe agus tá sé á maoirsiú ag Grúpa Stiúrtha na hOifige um Bainistiú ar Athrú a mbíonn cruinnithe rialta acu.

- I gcaitheamh 2008, comhthreomhar leis an obair a theastaíonn don phróiseas athraithe, bhí an Oifig ag comhlíonadh a hoibleagáidí reachtacha faoin Acht um Dhídeanaithe, 1996, i gcónaí.

Cumarsáid agus Bainistiú ar Athrú

- Tá straitéis chumarsáide curtha i bhfeidhm ag Oifig an Choimiséara Iarratais do Dhídeanaithe chun a chinntiú go gcoimeádfar foireann na heagraíochta ar an eolas i dtaobh forbairtí a bhaineann le brostú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, le tagairt ar leith do fhorálacha sa Bhille a dhéileálann leis an Nós Imeachta Aonair.

- Chuimsigh an straitéis an Fhoireann Idirlinne Nós Imeachta Aonair a sholáthraíonn seisiúin eolais don fhoireann ar fad maidir leis an Nós Imeachta Aonair agus comhtháthú na hOifige leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Bhí cruinnithe ag an bhFoireann Idirlinne le hAonaid éagsúla chomh maith, chun nósanna imeacht, beartais agus doiciméid a aithint ar ghá a leasú chun forálacha an Bhille a chur san áireamh.

- Lena chois sin, soláthraíodh feasacháin rialta eolais don fhoireann chun iad a choimeád ar an eolas i dtaobh bhrostú an Bhille agus ar obair na Foirne Idirlinne atá ag ullmhú do chur i ngníomh an Nós Imeachta Aonair. Ullmhaíodh agus scaipeadh tuarascáil Bhainistíocht ar Athrú chomh maith ar an mbainistíocht shinsearach gach coicís, chun iad a choimeád ar an eolas i dtaobh dul chun cinn i ngach Aonad den eagraíocht. Mír bhuan ab ea Bainistiú ar Athrú i gcónaí ar chlár oibre chruinnithe míosúla na nAonad agus ag cruinnithe de Choiste Bainistíochta Sinsearaí na hOifige.

- Chinntigh an Oifig chomh maith gur cuireadh eolas ábhartha ar fáil go tráthúil do gach eagraíocht neamhrialtasach a dhéileálann le lucht iarrtha tearmainn. Cuireadh tabhairt isteacht an Nós Imeachta Aonair san áireamh mar mhír ar chlár oibre chruinniú an Phainéil Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí i 2008. Bhí cruinniú ag an Oifig chomh maith le Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus leis an tSeirbhís Eolais do Dhídeanaithe chun ceisteanna a bhaineann le forálacha an Bhille a phlé leo.

- Tá modúl cuimsitheach oiliúna á cheapadh ag Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe do Dhídeanaithe agus ag an bhFoireann Idirlinn Nós Imeachta Aonair maidir leis an Nós Imeachta Aonair a chuirfear ar fáil don fhoireann roimh thús feidhme na reachtaíochta nua.

Cuid 3

Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2007 – 2009

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Cuid 3

Dul chun cinn ar Spriocanna Ardleibhéil Ráiteas Straitéise 2007 – 2009

Sprioc Ardleibhéil 1

Iarratais ar stádas dídeanaí agus ar athaontú teaghlaigh a imscrúdú laistigh de íostréimhsí ama.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Táirgiúlacht optamach a bhaint amach maidir le hiarratais a phróiseáil do dhearbhú ar stádas dídeanaí laistigh de íostréimhsí ama agus san ord tosaíochta a cheap an tAire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí.*
- *Lánfheidhmiú agus feidhmiú éifeachtach Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE a bhaint amach, ag féachaint go cuí do na critéir maidir leis an tír den AE a chinneadh atá freagrach as iarratais ar thearmainn a phróiseáil.*
- *An táirgiúlacht optamach a bhaint amach i bpróiseáil iarratas ar athaontú teaghlaigh laistigh d'íostréimhsí ama.*
- *Ullmhúchán agus pleanáil a dhéanamh faoi chomhair thabhairt isteach nós imeachta aonair agus díriú go hiomlán agus go héifeachtach ar aon leasuithe ar Acht na nDídeanaithe, 1996, de réir mar a thagann siad chun cinn.*

Dul chun cinn ar spriocanna agus ar chuspóirí i 2008

Próiseáil na n-iarratas ar thearmann

- Fuarthas 3,866 iarratas ar thearmann le linn 2008, arbh ionann é sin agus laghdú de 3% ar an 3,985 iarratas a fuarthas i 2007. Rinneadh cinntí i gcás 4,581 iarrthóir ar thearmann arbh ionann sin agus méadú de 10.3% ar líon na gcinntí (4,152) a rinneadh i 2007.

- Ag deireadh 2008, den 1,196 de na hiarratais a bhí idir lámha bhí 116 breis is sé mhí d'aois. Ciallaíonn sin go héifeachtach go raibh an Oifig ag próiseáil cásanna a fuarthas i 2008, den chuid is mó.

- Ba iad na sé phríomhthír is iarrthóra i 2008 an Nigéir, an Phacastáin, an Iaráic, an tSeoirsia, an tSín agus Poblacht Daonlathach an Chongó. Sa bhliain 2007 ba iad na sé phríomhthír an Nigéir, an Iaráic, an tSín, an Phacastáin, an tSeoirsia agus an tSudáin. Taispeánann staitisticí na hOifige gur tháinig líon beag iarratas as líon mór tíortha. Mar shampa, tháinig 3 iarratas nó níos lú ó thrí cinn is fiche de thíortha. San iomlán bhí 45 tír ann as a dtáinig breis is 10 iarrthóir an ceann.

- I 2008, próiseáladh 28.4% de na hiarratais ar fad faoin Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire, a tugadh isteach le reachtaíocht mí Mheán Fómhair 2003. I ndáiríre, sceidealadh gach iarratas a fuair tosaíocht (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna láidre eile) le haghaidh agallaimh laistigh de 9 go 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de 8 lá oibre eile ar a mhéad, rud a thug tréimhse iomlán phróiseála de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

- Próiseáladh gach cás eile (ach amháin cásanna nárbh fhéidir a phróiseáil ar chúiseanna míochaine agus/nó ar chúiseanna láidre eile) go críoch laistigh de 22 go 23 seachtain i gcaitheamh 2008. Braitheann na tréimhsí próiseála ar thosca éagsúla ar nós iomlaoid foirne oilte agus an riar cásanna a bheith ag éirí níos casta an t-am ar fad. Rinneadh monatóireacht leanúnach ar thréimhsí próiseála, más ea, i gcaitheamh na bliana agus glacadh beart chun an sceideal agallóireachta a bhainistiú agus moill a choinneáil chomh gearr agus ab fhéidir. Mar thoradh ar bhainistiú réamhghníomhach agus acmhainn mhéadaithe sa sceideal agallóireachta, bhí ar ár gcumas i dtreo dheireadh 2008 na tréimhsí próiseála a laghdú go 19 go 21 seachtain sna cásanna sin.

- Thug an Oifig tosaíocht i gcónaí de réir na riachtanas reachtúil d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Cuireadh iarrthóirí i bpríosún faoi Alt 8 d'Acht na nDídeanaithe, 1996, faoi réamhagallamh chomh fada agus ab fhéidir laistigh de 48 uair an chloig ó dháta an iarratais. Sceidealadh iarratais mar iad dá n-agallamh substainteach Alt 11 laistigh de 20 lá oibre ar an meán ó dháta an iarratais i gcúrsa na bliana, agus tugadh chun críche iad laistigh de 8 lá oibre eile, rud a thug meántréimhse próiseála de 28 lá oibre san iomlán. Fuarthas 261 iarratas san iomlán ó dhaoine faoi choinneáil. Ba ionann an figiúr sin agus 6.8% de na hiarratas ar fad a fuarthas. I gcaitheamh 2008, lean an Oifig dá hidirchaidreamh le Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus le Biúró Inimirce an Gharda chun próiseáil éifeachtach na n-iarratas seo a chinntiú. Próiseáladh 76 cás go críoch fad a bhí na hiarrthóirí faoi choinneáil. Cuireadh an chuid eile faoi agallamh san Oifig ó scaoileadh na hiarrthóirí sin amach as an bpríosún roimh dháta a n-agallaimh.

- Fuarthas 98 iarratas i 2008 ó Mhionaoisigh gan Duine ina gCuideachta a bhí ag lorg tearmainn. Ba ionann an figiúr seo agus 2.5% de líon iomlán na n-iarratas a fuarthas. Sceidealadh na hiarrthóirí seo le haghaidh agallaimh laistigh de 20 lá oibre ó dháta a n-iarratais agus eisíodh cinntí sna cásanna seo laistigh de dheich lá oibre eile nó mar sin, rud a thug tréimhse próiseála iomlán de 6 seachtain nó mar sin ó dháta an iarratais. Ba í cúig seachtain ó dháta an iarratais an tréimhse próiseála do Mhionaoisaigh gan Duine ina gCuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire.

- Sholáthair an Oifig seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin in 80 teanga i gcaitheamh na bliana. Níorbh fhéidir i gcónaí ateangairí a fháil go háitiúil i dteangacha áirithe neamhfhorleathana agus ba é réiteach na faidhbe seo ná ateangaireacht ghutháin. Ach rinneadh gach iarracht úsáid na hateangaireachta ghutháin a íoslaghdú ar son ateangaire a bheith i láthair sa seomra agallaimh. Rinneadh athbhreithniú leanúnach agus leasuithe, nuair ba ghá sin, ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideadh le soláthraithe seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta chun próiseáil phras gach iarratais ag gach céim den phróiseas tearmainn a chinntiú. Bhí crunnithe rialta ag an Oifig, mar a bhí go dtí seo, leis na

soláthraithe seirbhíse teanga agus ateangairachta chun éifeachtacht na seirbhíse soláthraithe a athbhreithniú.

- Le linn 2008, shocraigh an comhlacht a sholáthraíonn seirbhísí ateangaireachta don Oifig go gcuirfeadh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) cúrsaí oiliúna ar fáil dá ateangairí i dtaobh ceisteanna dídeanaí agus cosanta i gcoitinne.

- Cuireadh oiliúint do Chinneadh Stádas Dídeanaí (agus athoiliúint san áireamh) ar fáil don fhoireann i gcaitheamh na bliana chun éagsúlacht an riar cásanna agus treochtaí atá ag teacht chun cinn i gcineálacha cásanna a chur san áireamh. B'éigean i gcónaí níos mó ná agallamh substainteach amháin a sholáthar do roinnt iarrthóirí. Tharla sin i ngeall ar chastacht na gcásanna i gceist, forais iolracha coinbhinsin a mhaígh na hiarrthóirí agus toisc chomh maith gur chuir iarrthóirí eolas nua agus/nó eolas nó doiciméadú breise ar fáil i ndiaidh a n-iarratas agus i ndiaidh an chéad agallaimh shubstaintigh.

- Bhí na cleachtais leasaithe oibre maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí a thug an Oifig isteach i 2007 á gcur chun feidhme i gcónaí i 2008. Mar thoradh ar na cleachtais oibre seo tá agallaimh na n-iarrthóirí níos fócasaithe, uasmhéadaítear úsáid acmhainní agus déantar cinntí go héifeachtach agus go tráthúil. Lena chois sin, ciallaíonn sé go ndéantar taighde agus ullmhúchán ar gach cás roimh an agallamh substainteach, a fhágann go mbíonn an t-ábhar tír tionscnaimh is úire agus is creidiúnaí ag agallóirí agus ag cinnteoirí mar aon le cás-dlí dídeanaí a bhaineann le hábhar agus an dlí-eolaíocht atá ag teacht chun cinn.

- Bhí ríomhairí glúine in úsáid i gcónaí i 2008, mar a bhí roimhe, chun taifead a dhéanamh de shonraí na n-agallamh substainteach. Cruthaíodh go gcuireann úsáid ríomhairí glúine ag agallaimh go mór le caighdeán na nótaí agallaimh a sholáthraítear d'iarrthóirí agus dá n-ionadaithe dlí. Cumraíodh na ríomhairí glúine i mbliana le go mbeadh áis bhreise leictreonach wi-fi acu, a chuireann ar chumas na n-oibrithe cásanna leithleacha teacht a fháil ar eolas riachtanach faoi thír thionscnaimh cothrom le dáta agus ar thuarascálacha creidiúnacha eile láithreach ag na hagallaimh shubstainteacha. Ciallaíonn sin i gcás go dtagann ráitis iarrthóra salach ar na fíricí is eol go coitianta agus ar eolas creidiúnach atá ar fáil don phobal, bíonn ar chumas agallóirí na tuairiscí sin a chur faoi bhráid iarrthóirí ag an agallamh, rud a thugann deis d'iarrthóirí tuairim a thabhairt agus aighneacht eile (más gá) a dhéanamh roimh an chinnidh dheiridh. Ag deireadh 2008, bhí 87% de na hoibrithe cásanna leithleacha ar fad ag baint úsáid as ríomhairí glúine ag agallaimh.

- Mar thoradh ar chastacht agus ar éagsúlacht an riar cásanna, bhí riachtanas leanúnach ann tacaíocht lárnach Eolas faoi Thír Thionscnaimh a sholáthar d'oibrithe cásanna leithleacha agus do chinnteoirí. Chiallaigh sin gur úsáideadh acmhainní chun Eolas faoi Thír Thionscnaimh a fhoinsiú don chuardach réamhagallaimh, tugadh cothrom le dáta Bunachar Sonraí na hOifige maidir le hEolas faoi Thíortha Tionscnaimh agus eolas faoi Chinneadh Stádas Dídeanaí a bhain le próifíl an cháis i gceist. Sholáthair na tionscnaimh sin an inniúlacht riachtanach d'oibrithe cásanna leithleacha agus do chinnteoirí araon chun agallaimh fhócasaithe a sheoladh go háirithe i gcásanna mar ar cuireadh ceistneoirí iarratais ar ais i rocht neamhiomlán agus/nó le heolas teoranta maidir le cúiseanna an iarrthóra le stádas dídeanaí a lorg.

- Athbhreithníodh i 2008 na córais Eolais faoi Thíortha Tionscnaimh agus Taighde atá i bhfeidhm san Oifig d'fhonn a chinntiú go bhfuil an tEolas faoi Thíortha Tionscnaimh is úire agus is ábhartha ar fáil i bhfoirm inúsáidte chun cuidiú le húsáideoirí dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann le Cinneadh Stádas Dídeanaí. Chomhordaigh an tAonad Taighde Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh 121 ceann de phacaí tíre a chruthaigh oibrithe cásanna leithleacha na hOifige i 2008, bunaithe ar eolas a sholáthari an tIonad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe. Sheol an Oifig 500 ceist chuig an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe i gcaitheamh na bliana agus tháinig méadú ar úsáid na ríomhleabharlainne a tugadh isteach go déanach i 2007.

- Ag cruinniú déthaobach mí an Mhárta 2008 idir an Oifig agus an tIonad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe aontaíodh go mbunófaí grúpa oibre chun féachaint ar cé mar a d'fhéadfadh an dá eagraíocht an comhar eatarthu a neartú, i dtaca le riachtanais reatha agus ag féachaint do thús feidhme (faoi réir fhormheas dhá thithe an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Mar ullmhúchán do thabhairt isteach an Nós Imeachta Aonair, bhí an tAonad COI/Taighde i mbun idirchaidrimh leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe i dtaobh topaicí a bhaineann le Cosaint Chúnta agus Cead Fanachta. Réitíodh naoi gcinn déag de phacaí tíre i 2008 agus tabharfar tuilleadh chun críche i 2009 d'fhonn eolas atá cothrom le dáta go hiomlán a chur ar fáil faoin am go mbeidh an Bille i bhfeidhm. Cuirfear iad seo ar fáil d'úsáideoirí bealach na ríomhleabharlainne.

- Bhí an Oifig páirteach i gcruinnithe de Ghrúpa Stiúrtha an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe, a thugann le chéile gach ceann de ghníomhaireachtaí cliaint an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe. Ghlac an Oifig páirt chomh maith i gcruinnithe comhlachtaí ábhartha eile amhail Eurasil agus an IGC.

- Gné tacaíochta eile a chabhraíonn le hoibrithe cásanna leithleacha éileamh iarrthóra i dtaobh a náisiúnachta nó a c(h)úlra ciníche a bhunú ná soláthar anailís teanga. Baintear úsáid as torthaí anailís teanga chun cuidiú le meastóireacht fhoriomlán ar an iarratas ar thearmann agus breithnítear iad i dteannta gnéithe eile den éileamh tearmainn. Rinneadh seasca cinn d'agallaimh anailís teanga i gcaitheamh 2008.

- Chun cuidiú leis na hAonaid Phróiseála Cásanna, sholáthair an tAonad Láithreoireachta oiliúint i bhfoirm éisteachtaí achomhairc tearmainn bréige do 69 ball foirne san eagraíocht i sé cinn de sheisiúin oiliúna. Ba é cuspóir na hoiliúna seo ná a thaispeáint d'oibrithe cásanna leithleacha an chaoi a d'fhéadfaí déileáil lena moltaí in éisteacht achomhairc.

Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE

- I gcaitheamh 2008, bhain an Oifig an úsáid ba mhó ab fhéidir as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE. Cinneann an Rialachán cén Stát den AE atá freagrach as iarratas ar thearmann a phróiseáil.

- Rinneadh 385 cinneadh san Oifig faoi phróiseas Bhaile Átha Cliath II i gcomparáid le 368 i 2007 arbh ionann é agus méadú de 4.6%.

- Feabhsíodh an comhar le Ballstáit eile an AE i dtaca le hoibriú phróiseas Bhaile Átha Cliath II, go háirithe sa Ríocht Aontaithe, a chuir go mór leis an méadú i gcinntí.

- Tréimhsí próiseála de 27 lá nó mar sin a bhí i gceist do chásanna Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE i 2008.

- Rinneadh úsáid leanúnach i gcaitheamh na bliana de chóras EURODAC chun méarloirg iarrthóirí ar thearmann a ghlacadh chun cabhrú le hoibriú phróiseas Bhaile Átha Cliath II. Cuireadh 3,402 foireann méarlorg chuig EURODAC agus dearbhaíodh comhoiriúintí i gcás 359 díobh.

Athaontú Teaghlaigh

- Fuarthas 408 iarratas ar Athaontú Teaghlaigh i 2008, arbh ionann é agus méadú de 9.4% ar fhigiúr 2007. I gcaitheamh 2008, rinneadh imscrúdú níos grinne ar gach iarratas chun an cás a thabhairt chomh gar le pointe cinnidh agus ab fhéidir, ach cloí le forálacha an Acht um Dhídeanaithe, 1996 i gcónaí. Chiallaigh sin go raibh na tréimhsí próiseála ó fháil an chomhaid ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí go heisiúint tuarascáil Alt 18 faoin Acht um Dhídeanaithe, 1996 idir 12 agus 16 seachtaine ar an meán sa bhliain, ach ba theoranta an líon comhad a bhí idir lámha ag aon am amháin. I ndiaidh athbhreithniú ar oibríochtaí an Aonaid um Athaontú Teaghaigh sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, agus méadú foirne dá bharr, mhéadaigh líon na gcomhad a atreoraíodh chuig an Oifig sa dara cuid de 2008.

Bainistiú thabhairt isteach athruithe lena n-áirítear an Nós Imeachta Aonair

- Lean an obair ar ullmhúcháin do thabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008. Forálann an Bille le haghaidh tabhairt isteach Nós Imeachta Aonair mar a mbreithneofar gach foras le go bhfanfadh iarrthóir sa Stát (forais chosanta agus forais nach iad) i dteannta a chéile. Mar thoradh ar an mBille, faoi réir fhormheas dhá Thithe an Oireachtais, déanfar cuid de Oifig Phróiseála nua Iarratas (APO) den Oifig sa tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS).

- Lean an Fhoireann Idirlinne um Nós Imeachta Aonair uirthi ag brostú a cuid ullmhúcháin chun na cleachtais agus na nósanna imeachta riachtanacha a bhunú. Ina measc seo bhí forbairt doiciméadaithe, amhail na foirmeacha iarratais riachtanacha, litreacha caighdeánacha, ceistneoirí d'iarrthóirí, bileoga eolais agus aon teimpléid doiciméadaithe eile a bheidh ag teastáil de réir na reachtaíochta nua.

- Lena chois sin, tá tacaíocht do bhainistíocht ar athrú agus socruithe oiliúna curtha i gcrích chun an fhoireann a ullmhú chun dul i dtaithí go héifeachtach ar a ról sa chreat reachtach nua.

- Ceapadh Clárleabhar Bhainistiú ar Athrú i gcás gach Aonaid san Oifig a thug srac-chuntas ar na príomhdhúshláin i ngach réimse, na rioscaí a ghabhann leo agus na bearta a theastaíonn chun na rioscaí seo a rialú.

- Cuireadh tús leis an bpleanáil laistigh den Aonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh chun raon na ndúshlán dlí, atá ag dul i méid an t-am ar fad, a aithint. Beidh cúram ar an Aonad sin as na dúshláin sin a éireoidh as tabhairt isteach na reachtaíochta nua.

- Bhí ionadaí ag an Oifig i gcónaí ar shraith de Fhoirne Tionscadail um Bainistiú ar Athrú a bhunaigh Ard-Stiúrthóir Sheirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann chun foralacha na reachtaíochta nua a chur chun feidhme.

- I gcaitheamh 2008, i gcomhthreo leis an obair riachtanach don phróiseas athraithe, chomhlíon an Oifig a hoibleagáidí reachtacha faoi Acht na nDídeanaithe, 1996.

- Tá straitéis chumarsáide curtha i bhfeidhm ag an Oifig chun a chinntiú go gcoimeádfar foireann na heagraíochta ar an eolas i dtaobh forbairtí a bhaineann le brostú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008 agus leis an bpróiseas athraithe i gcoitinne.

- Chinntigh an Oifig chomh maith gur soláthraíodh an t-eolas ab ábhartha d'eagraíochtaí neamhrialtasacha a dhéileálann le lucht iarrtha tearmainn. Príomhmhír ab ea tabhairt isteach an Nós Imeachta Aonair ar chlár oibre chruinniú an Phainéil Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí i 2008. Bhí cruinniú ag an Oifig chomh maith le Comhairle Dídeanaithe na hÉireann agus leis an tSeirbhís Eolais do Dhídeanaithe chun ceisteanna a éiríonn as a phlé.

Sprioc Ardleibhéil 2

An caighdeán imscrúdúcháin agus cinnteoireachta is airde a choinneáil.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Ardchaighdeán leanúnach a choinneáil in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratas.*
- *Nós imeachta oscailte agus cothrom a choimeád.*

Imscrúdú agus próiseál ardchaighdeán na n-iarratais

- I gcaitheamh 2008, bhí béim ar leith á leagan i gcónaí ar chinnteoireacht cháilíochta agus thráthúil san Oifig agus ar chothabháil nósanna imeachta cothroma agus trédhearcacha laistigh de chreat Acht na nDídeanaithe, 1996.

- Bhí Eolas faoi Thír Thionscnaimh cruinn agus ar ardchaighdeán an-tábhachtach i gcónaí chun cinnteoireacht den scoth agus taighde réamhagallaimh a chinntiú. Lean an Oifig de shonraí faoi Thíortha Tionscnaimh a cheapadh, a mhionathrú agus a leasú chun a chinntiú go raibh eolas cothrom le dáta agus barántúil ar fáil chun ceisteanna a phlé le hiarrthóirí ag a n-agallaimh shubstainteacha agus ina dhiaidh sin sa phróiseas cinnteoireachta. Bhí béim i gcónaí ar agallaimh fhócasaithe. Sa mhéid seo, lean an Oifig dá dlúthchomhar leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe agus ar na bealaí oibre, bunú grúpa oibre mí an Mhárta 2008 chun féachaint ar conas a d'fhéadfadh an dá eagraíocht an comhar eatarthu a neartú, i dtaca le riachtanais reatha agus ag féachaint do thús feidhme (faoi réir fhormheas dhá thithe an Oireachtais) an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Mar ullmhúchán do thabhairt isteach an Nós Imeachta Aonair, bhí idirchaidreamh ar bun idir an tAonad COI/Taighde agus an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe chun COI a fhorbairt i dtaca le topaicí a bhaineann le Cosaint Cúntach agus le Cead Fanachta. Ullmhaíodh 19 paca tíre i 2008 agus cinn eile ar fáil i 2009 chun go mbeidh gach eolas cothrom le dáta faoin am go mbeidh an Bille achtaithe. Beidh úsáideoirí in ann iad a fháil ón ríomhleabharlann.

- Lean an comhar leis an UNHCR i gcaitheamh na bliana ar raon ábhar agus ba é an UNHCR a sholáthair oiliúint agus meantóireacht ar thopaicí éagsúla amhail measúnú ar fhianaise dhoiciméadach, géarleanúint sa phróiseas tearmainn agus próiseáil iarratas ar thearmann ó Leanaí Scartha/Leanaí gan Duine ina gCuideachta agus ó ghrúpa soghortaithe eile.

- D'oibrigh an Fhoireann Idirlinne um Nós Imeachta Aonair leis an UNHCR chun lámhleabhar oiliúna a cheapadh chun go bhféadfadh an fhoireann iarratais ar chosaint a chinneadh faoin Nós Imeachta Aonair. Cheap an Fhoireann modúil riachtanacha oiliúna chomh maith chun na críche céanna.

- Mar thoradh díreach ar chastacht an riar cásanna agus ar na treochtaí atá ag teacht chun cinn i gcineál na n-iarratas agus na gcásanna, ba riachtanach tacaíocht, meantóireacht agus treoir lárnach a bheith ar fáil. Soláthraíodh meantóireacht intí duine le duine agus meantóireacht ghrúpa d'oibrithe cásanna leithleacha agus dá mbainisteoirí ar thopaicí éagsúla a bhaineann le dlí tearmainn, dlí-eolaíocht atá ag teacht chun cinn agus cásdlí.

- Maidir le seirbhís do chustaiméirí, bhí córais rianaithe comhfhreagrais i bhfeidhm sna haonaid ar fad agus athbhreithníodh agus nuashonraíodh iad nuair ba ghá. Rianaíodh gach comhfhreagras ó iarrthóirí, ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara ar an toirt nó agus admháladh agus freagraíodh é laistigh de 20 lá oibre de réir ghealltanais na hOifige inár gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.

- Tosaíocht ab ea í riamh don Oifig ardchaighdeán a choimeád in imscrúdú agus i bpróiseáil iarratair ar thearmann de réir na Spriocanna Ardleibhéil atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise na hOifige 2007-2009. I 2008, chun próiseáil níos éifeachtaí a éascú ar iarratais agus freagairt éifeachtacht a thabhairt ar ráta athraithe na foirme, rinneadh athstruchtúrú ar na hAonaid Próiseála Cásanna chun go mbeadh na nithe seo a leanas acu:
    - Creat cuí bainistíochta chun cuidiú agus tacú leis an bhfoireann iarratais ar thearmann a phróiseáil go héifeachtach.
    - Sannadh bainisteoir oilte agus cleachta amháin do na hAonad Próiseála Cásanna le cúram ar leith as meantóireacht agus oiliúnóireacht a sholáthar do an hoibrithe cásanna leithleacha ar fad atá bainteach leis an bpróiseas Cinneadh Stádas Dídeanaí. Ball den fhoireann oiliúna intí a bhí sa bhainisteoir chomh maith, a raibh cúram uirthi oiliúint i gCinneadh Stádas Dídeanaí a sholáthar d'oibrithe cásanna leithleacha nuashannta agus athoiliúint Cinneadh Stádas Dídeanaí a chur ar na hoibrithe cásanna leithleacha níos cleachta.
    - Seachadadh éifeachtach agus tráthúil oiliúint eile a bhain le Cinneadh Stádas Dídeanaí (RSD).

- Lean an Oifig ag mionathrú agus ag cur feabhais i gcaitheamh na bliana ar a modúil oiliúna féin intí do Chinneadh Stádas Dídeanaí. Cuireadh an oiliúint seo a leanas ar bhaill foirne atá bainteach le próiseáil iarratais ar thearmainn:
    - Oiliúint RSD ar oibrithe cásanna leithleacha nuashannta.
    - Athoiliúint RSD ar oibrithe cásanna leithleacha níos cleachta.
    - Meantóireacht d'oibrithe cásanna leithleacha ar bhonn duine le duine maidir le conas daoine a chur faoi agallamh, conas tuairiscí ardchaighdeáin a scríobh, treoir maidir le saincheisteanna a bhain le tíortha áirithe, conas déileáil le híospartaigh gáinneála agus cásanna atá íogair ó thaobh inscne.
    - Oiliúint ar leith de réir an chleachtais is fearr ag UNHCR maidir le iarratais ar thearmann ó pháistí scartha agus ó pháiste gan duine ina gcuideachta a phróiseáil.
    - Oiliúint maidir le úsáid ríomhairí glúine chun nótaí agallaimh a thaifeadadh agus oiliúint TFC.

- Bhí an córas tacaíochta síceolaíoch, a tugadh isteach i 2003 agus atá ar fáil d'oibrithe cásanna leithleacha agus dá mbainisteoirí, ar a dtugtar 'Piarthacaíocht' ag obair go héifeachtach i gcónaí. Cumasaíonn an córas sin don Oifig an tacaíocht riachtanach a sholáthar d'oibrithe cásanna leithleacha atá bainteach le próiseas RSD agus cuidiú le baill foirne a dhéileálann le híospartaigh chéasta, tháiríde agus le grúpaí soghortaithe eile.

- Eascaíonnn Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe seisiúin phiarthacaíochta, a mhaireann tuairim is uair an chloig go leith. Socraítear seisiún le haghaidh gach Aonaid gach cúig seachtaine. An aidhm atá leo ná timpeallacht a chruthú mar ar féidir le hoibrithe cásanna leithleacha ceisteanna nó nithe atá ag déanamh buartha dóibh a phlé. Is féidir na hábhair bhuartha seo a phlé go hoscailte ionas gur féidir le comhghleacaithe (agus na héascaitheoirí) treoir agus tacaíocht a thairiscint faoin gcaoi is fearr le déileáil le ceisteanna mar iad.

- Bhí idirchaidreamh rialta ag an Oifig le roinnt eagraíochtaí eile atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn amhail an tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS), Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe, Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, an Ghníomhaireacht um Fháiltiú agus Imeascadh, an Roinn Sláinte agus Leanaí, Seirbhís Phríosúin na hÉireann agus eagraíochtaí neamhrialtasacha.

- D'athbhreithnigh an Oifig a chórais agus a mheicníochtaí um Dhearbhú Cáilíochta i gcaitheamh 2008. Bunaíodh grúpa dearbhaithe cáilíochta chun próisis agus nósanna imeachta a choimeád faoi athbhreithniú ag cur cinntí an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus torthaí athbhreithnithe breithiúnacha san áireamh.

- Faoi fhoráil de chuid Acht na nDídeanaithe, 1996, ní bhreithnítear iarratais le haghaidh stádas dídeanaí má tá forais ann a cheapadh go raibh siad ciontach as coireanna tromchúiseacha amhail coireanna in aghaidh an chine daonna, coireanna cogaidh agus/nó coireanna tromchúiseacha neamhpholaitiúla roimh theacht don Stát seo dóibh. "Cásanna clásál eisiatachta" a thugtar ar na forálacha seo. I gcaitheamh 2008, cuireadh an clásál eisiatachta san áireamh i 57 cás san iomlán agus cuireadh i bhfeidhm é i dtrí cinn de na cásanna seo. Fuair oibrithe cásanna leithleacha san Oifig agus na hOifigigh Láithreoireachta ag an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe oiliúint speisialaithe chun na cásanna seo a aithint.

- Sholáthair an Oifig seirbhís ateangaireachta agus aistriúcháin in 80 teanga i gcaitheamh na bliana. Níorbh fhéidir i gcónaí ateangairí a fháil go háitiúil i dteangacha áirithe neamhfhorleathana agus ba é réiteach na faidhbe seo ná ateangaireacht ghutháin Ach rinneadh gach iarracht úsáid na hateangaireachta ghutháin a íoslaghdú ar son ateangaire a bheith i láthair ag an agallamh. Rinneadh athbhreithniú leanúnach agus leasuithe, nuair ba ghá sin, ar na córais agus na nósanna imeachta a úsáideadh le soláthraithe seirbhísí aistriúcháin agus ateangaireachta chun próiseáil phras gach iarratais ag gach céim den phróiseas tearmainn a chinntiú.

- Cuireadh oiliúint ar fáil do bhaill nua den Fhoireann Láithreoireachta go luath i 2008. Oiliúnóirí seachtracha a bhfuil taithí ar leith acu ar oiliúint abhcóideachta is a sheachadann an oiliúint seo.

- Chinntigh meicníocht aiseolais gur cuireadh cinnteoirí na hOifige ar an eolas i dtaobh ceisteanna a d'éirigh i ndúshláin athbhreithnithe breithiúnacha agus in achomhairc os comhair an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus torthaí cásanna mar iad chomh maith.

- Cuireadh nuashonruithe dlí, a d'ullmhaigh taighdeoirí dlí, ar fáil don fhoireann chomh maith i dtaobh breithiúnais an AE agus breithiúnais idirnáisiúnta.

- Thit líon na ndúshlán dlí in aghaidh chinntí na hOifige de 29.6% i 2008 go 266 i gcomparáid le 378 [1] i 2007.

- I ngeall ar líon na ndúshlán dlí a fhaigheann an Oifig agus ar an bhfreagracht atá ar an Oifig a chinntiú go bhfaightear luach ar airgead a chaitear ar chostais dlí, lean Aonad na nAthbhreithnithe Breithiúnacha de bheith ag athbhreithniú na gcleachtas agus na nósanna imeachta lena láimhseáltar dúshláin dá sórt, agus oibríodh go dlúth le hOifig an Phríomh-Aturnae Stáit agus le hAbhcóide sa mhéid seo. Tugadh chun críche chomh maith socruithe le haghaidh struchtuir leasaithe don Aonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh le tabhairt isteach dhá fhoireann fócais, agus HEO i gceannas gach ceann díobh, chun tacú le roinnt níos éifeachtaí ar riar na gcásanna agus ar thascanna riaracháin, gan aon dochar a dhéanamh don leibhéal riachtanach solúbthachta agus cumarsáide idir bhaill foirne.

- Sa chás go mbíonn an Oifig sásta gur dearnadh earráid nó easnamh ina nósanna imeachta a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar thoradh imscrúdaithe, ní chuirtear in aghaidh Athbhreithniú Breithiúnach, ar mhaithe le cothroime agus luas. I gcásanna mar iad, ba é beartas na hOifige teacht ar shocrú comhaontaithe gan mhoill agus roimh thionscnamh athbhreithnithe breithiúnaigh, más féidir. I gcásanna inar mheas an Oifig nárbh amhlaidh, chuir sí in aghaidh Athbhreithnithe Breithiúnaigh go hiomlán chun iomláine an phróisis tearmainn a chosaint.

- Bhí sé de bhuntáiste ag an Oifig ionchur a fháil ó cheathrar intéirneach dlí ar feadh tréimhsí ó 3 go 9 mí i 2008, agus chuidigh siad chun ár bpróisis agus ár nósanna imeachta a fheabhsú i gcodanna éagsúla den eagraíocht.

- Bhain an Oifig an úsáid ba mhó ab fhéidir as taithí beirt taighdeoirí dlí a bhí bainteach le raon leathan oibre, i dteannta na n-intéirneach dlí. San áireamh ansin bhí treoir a sholáthar maidir le ceisteanna casta dlí a éiríonn sna hAonaid Próiseála Cásanna, seachadadh oiliúna do bhaill nua foirne, ceapadh modúl nua oiliúna don Nós Imeachta Aonair leis an UNHCR, ceapadh modúl oiliúna don Phainéal nua Láithreoireachta, dearbhú cáilíochta do chinntí, tiomsú nuashonruithe dlí/dlí-eolaíocht a bhaineann le hábhar agus soláthar treorach maidir le himpleachtaí dlí athbhreithnithe breithiúnacha.

- D'fhan an Oifig cothrom le dáta leis an gcleachtas idirnáisiúnta is fearr trí a bheith páirteach i ngrúpaí oibre a bhaineann le cúrsaí tearmainn de chuid na gComhairlithe

[1] Tagann sé seo in ionad an fhigiúir de "440 athbhreithniú breithiúnach" a foilsíodh i dTuarascáil Bhliantúil 2007. Leasaíodh an figiúr sin anuas i ndiaidh atbhreithniú ar riar na gcásanna go déanach i 2008.

Idir-Rialtasacha um Beartais Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce sa Ghinéiv agus de chuid Líonra an Aontais Eorpaigh de Chleachtóirí Tearmainn (Eurasil).

- D'fhreastail foireann de chuid na hOifige ar roinnt chomhdhálacha maidir le ceisteanna dlí dídeanaí.

- Sa dara leath de 2008, d'fhreastail foireann na hOifige ar roinnt cruinnithe leis an gCoimisiún Eorpach agus le Ballstáit eile de chuid an AE chun tuairimí a thabhairt ar roghanna do reachtaíochth nua an AE maidir le nósanna imeachta agus cáilíochtaí tearmainn.

- Mí an Mheithimh 2008, sholáthar ball foirne ón Oifig oiliúint maidir le Cinneadh Stádas Dídeanaí do ghníomhaireachtaí rialtais agus do ghrúpa neamhrialtasacha ó roinnt phoblachtaí lárnacha Áiseacha sa Chirgeastáin.

Nós Imeachta Oscailte agus Cothrom

- Bhí a phróisis agus a nósanna imeachta faoi athbhreithniú ag an Oifig i gcónaí, chun a chinntiú, chomh fada agus ab fhéidir, go raibh siad oscailte agus trédhearcach.

- Cuirtear iarrthóirí ar an eolas mar gheall ar a teidlíochtaí ón uair go ndéantar iarratas ar stádas dídeanaí. Chuige seo, cuireadh Bileog Eolais cuimsitheach ar fáil do na hiarrthóirí ar fad (ina dteanga féin nuair ab fhéidir) mar gheall ar an bpróiseas tearmainn in Éirinn ar lá déanta an iarratais. Lena chois sin, cuireadh scéala i scríbhinn agus ó bhéal chuig iarrthóirí (ina dteanga féin nuair ab fhéidir) faoin gcaoi le teacht ar chomhairle dlí agus teagmháil a dhéanamh leis an UNHCR.

- Roimh agallaimh shubstainteacha na n-iarrthóirí, iarrtar orthu Ceistneoir mionsonraithe a chomhlánú (a chuirtear ar fáil dóibh ina dteanga féin más féidir) mar gheall ar a n-éileamh ar stádas dídeanaí. Mhisnigh an Oifig iarrthóirí chun comhairle dlí a lorg roimh an Cheistneoir a chomhlánú agus gach doiciméadú a thacódh lena n-éileamh a sholáthar roimh an agallamh substainteach.

- Bhí cruinnithe rialta ag an Oifig leis an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe (ag oibriú faoi choimirce Bhoird Cúnaimh Dlí) chun a chinntiú go raibh an treoir agus tacaíochta riachtanach dlí ag gach iarrthóir ar thearmann agus chun déileáil le haon údar imní a bhí ag ceachtar den dá eagraíocht a mbeadh tionchar aige ar oibriú agus ar iomláine an phróisis tearmainn.

- D'aithin an Oifig i gcónaí riachtanais speisialta iarrthóirí áirithe nó grúpaí iarrthóirí áirithe sa phróiseas tearmainn, lena n-áirítear mionaoisigh gan duine ina gcuideachta. Dhéileáil an Oifig i gcónaí leis na hiarrthóirí seo go cásmhar agus go profaisiúnta trí nósanna imeachta agus treoirlínte ar leith d'oibrithe cásanna leithleacha a chuir aon tosca agus cúinsí ar leith san áireamh. Agus na treoirlínte seo á gceapadh, cuireadh san áireamh an cleachtas idirnáisiúnta is fearr, lena n-áirítear Clar an UNHCR um Pháistí Scartha san Eoraip – Ráiteas Dea-Chleachtais agus Clár an AE um Thús Áite do Pháistí.

- I gcaitheamh 2008 d'fhostaigh an Oifig uair amháin eile seirbhísí Ionad Géarchéim Éignithe Bhaile Átha Cliath chun oiliúint a sholáthar d'fhoireann líne thosaigh agus le hagallóirí a bhí ag déileáil le hiarrthóirí a bhí mar íospartaigh de bharr foréigin ghnéasaigh ina dtíortha tionscnaimh. San áireamh san oiliúint bhí soláthar treoirlínte maidir le conas iarrthóirí sceimhlithe a chur faoi agallamh go híogair.

- I gcás gur aibhsíodh ceist a bhain le hinscne san eolas a sholáthair an t-iarrthóir sa cheistneoir, rinne an Oifig gach iarracht a chinntiú go raibh an t-agallóir agus an ateangaire (más cuí) den inscne céanna agus an iarrthóir, faoi réir oibrithe cásanna leithleacha agus ateangairí a bheith ar fáil.

- Sholáthair an Oifig trí sholáthraí seirbhíse conraithe seirbhísí ateangaireachta ar ardchaighdeán don uile iarrthóir ar thearmann nuair ba ghá agus nuair ab fhéidir. Tá sé riachtanach seirbhís ateangaireachta den scoth mar aon le seirbhís a aistríonn doiciméid go cruinn a sholáthar le go mbeidh an próiseas tearmainn oscailte agus cothrom.

- Mar chuid de thionscnamh um Dhearbhú Cáilíochta, d'eagraigh an Oifig fíorú rialta neamhspleách ar chruinneas céatadán de na doiciméid aistrithe. Lena chois sin, soláthraíodh aiseolas i dtaobh na hateangaireachta ag agallaimh ag cruinnithe rialta oibriúcháin don soláthraí seirbhíse.

- Le cois feabhas a chur ar a naisc leis an Ionad Doiciméadaithe do Dhídeanaithe, bhí an Oifig ag neartú i gcónaí an úsáid a bhaineann sí as foinsí Eolas faoi Thír Thionscnaimh ar nós phácáiste Rannóg Cosanta Eolais UNHCR, *Refworld.*

- Uasmhéadaíodh i gcaitheamh na bliana chomh maith an úsáid a bhaintear as an bpróiseas anailíse teanga roimh agallamh cinnte tearmainn agus rinneadh seasca cinn d'agallaimh anailíse teanga. I gceist in Anailís Teanga tá scrúdú a dhéanann saineolaí neamhspleách ar chaint duine, chun bunús tíreolaíoch agus/nó eitneach an duine sin a dhéanamh amach. Déantar taifead de chaint an iarrthóra, agus déantar anailís air agus scríobhann saineolaí teanga tuairisc faoi mhaoirsiú teangeolaí. Breithníonn an Oifig an tuairisc seo i gcomhar le gach mír eile d'éileamh.

Sprioc Ardleibhéil 3

Cuidiú le caomhnú iomláine an phróisis tearmainn.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Na hiarrthóirí sin ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint chomh luath agus is féidir, ar mhodh éifeachtach cothrom.*
- *Mí-úsáid an phróisis tearmainn a bhrath agus a íoslaghdú.*
- *A bheith mar ionadaí ag an gCoimisinéir ag éisteachtaí achomhairc ag an mBinse Acmhomharc do Dhídeanaithe.*
- *Beartais agus nósanna imeachta dár gcuid féin a fhorbairt chun iomláine an chórais tearmainn a chaomhnú.*

Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996

- I gcaitheamh 2008, ba thosaíocht de chuid na hOifige í iarrthóirí ar dídeanaithe iad faoi shainmhíniú Alt 2 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 a aithint chomh luath agus is féidir, ar mhodh tráthúil cothrom. Baineadh amach an tréimhse phróiseála luasghéaraithe a leagadh amach i Ráiteas Straitéise na hOifig i dtaca le hiarrthóirí a bhí mar údar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire. Sceidealadh iarratais dá leithéid le haghaidh agallaimh laistigh de idir 9 agus 12 lá oibre ó dháta an iarratais agus críochnaíodh iad laistigh de uasmhéad de 8 lá oibre eile, rud a thug tréimhse phróiseála iomlán de 17 go 20 lá oibre ó dháta an iarratais.

- Próiseáladh gach cás eile go críoch i 22 go 23 seachtaine i gcaitheamh 2008, a laghdaíodh beagán go 19 go 21 seachtaine ag deireadh na bliana.

- Sceidealadh iarratais ó Mhionaoisigh gan Duine ina gCuideachta le haghaidh agallaimh laistigh de 20 lá oibre ó dháta an iarratais agus d'eisigh cinntí sna cásanna seo laistigh de 10 lá oibre eile, rud a thug tréimhse phróiseála iomlán de 6 seachtaine nó mar sin ó dháta an iarratais. Ba é an tréimhse phróiseála maidir le hiarratais ó mhionaoisigh gan duine ina gcuideachta a bhí mar ábhar le Treoir Bheartú Tosaíochta ón Aire 5 seachtain ó dháta an iarratais.

- Thug an Oifig tosaíocht i gcónaí de réir na riachtanas reachtúil d'iarratais ó dhaoine a bhí faoi choinneáil. Tugadh a réamhagallamh d'iarrthóirí faoi choinneáil faoi Alt 8 d'Acht na nDídeanaithe, 1996 laistigh de 48 uair an chloig ó dháta an iarratais chomh fada agus ab fhéidir. Sceidealadh iarratais dá leithéid dá n-agallamh substainteach laistigh de 20 lá oibre ar an meán ó dháta an iarratais, agus críochnaíodh iad laistigh de 8 lá oibre eile, rud a thug meántréimhse phróiseála de 28 lá oibre san iomlán.

- Baineadh úsáid éifeachtach i gcónaí as córais agus nósanna imeachta taighde um Thíortha Tionscnaimh (COI) i gcaitheamh 2008. Bhí Bunachar Sonraí d'Eolas Comhroinnte do Oibrithe Cásanna Leithleacha (CSK) á thabhairt cothrom le dáta i gcónaí chun acmhainn taighde a sholáthar d'úsáideoirí na hOifige a bhí bainteach leis an bpróiseas tearmainn. Lean an tAonad Tacaíochta um Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh/Taighde laistigh den Oifig de bhailiúchán d'Eolas faoi Thíortha Tionscnaimh oibiachtúil agus suas chun dáta a thógáil agus a chothabháil cur ar fáil do úsáideoirí.

Mí-úsáid a Bhrath agus a Íoslaghdú

- Tosaíocht de chuid na hOifige ab ea í i 2008 a chinntiú gur braitheadh nó gur íoslaghdaíodh aon mhí-úsáid den phróiseas tearmainn chun iomláine an phróisis sin a chosaint.

- De réir dlí caithfidh ar iarrrhóirí comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn. Iarrthóirí ar theip orthu comhoibriú leis an bpróiseas tearmainn, .i. má theip orthu freastal ar agallamh gan chúis réasúnta ar an lá sonraithe, munar chuir siad scéala chuig an gCoimisinéir i dtaobh athrú ar sheoladh agus/nó má theip orthu comhoibriú trí eolas a bhain lena n-iarratas ar thearmann a sholáthar, measadh go raibh na cásanna aistarraingthe de réir fhorálacha Acht na nDídeanaithe, 1996. Sa bhliain 2008, bhí 567 cás a measadh a bhí sa chatagóir d'iarratais a aistarraingíodh.

- Is mó iarrthóir nach soláthraíonn pas nó fianaise doiciméadach eile dá gcéannacht nó dá náisiúnacht ráite nó aon doiciméid taistil a thaispeánfadh cé mar a tháinig siad isteach sa Stát. Ach ag an am céanna léiríonn cuid de na hiarrthóirí seo gur thaistil siad go dtí an Stát ar eitleán, rud a chiallódh go mbeadh doiciméid chéannachta, lena n-áirítear víosa ag an bpointe fágála, de dhíth orthu. Ciallaíonn úsáid córas amhail Rialachán Bhaile Átha Cliath II, EURODAC, an tUathchóras Aitheanta Méarlorg agus AVATS chomh maith le comhar feabhsaithe le ballstáit eile an AE go háirithe an Ríocht Aontaithe gur minic a fhaightear eolas ar na hiarrthóirí seo nach mbeadh ar fáil i ngeall ar a laghad doicimeád a chuireann iarrthóirí ar fáil.

- D'úsáid an Oifig anailís teanga i gcónaí i gcaitheamh na bliana.

- Laistigh dá chreat reachtúil, lean an Oifig dá teagmháil leanúnach le gníomhaireachtaí eile an Stáit, ar nós na Seirbhíse Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce agus an Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda chun mí-úsáid an phróisis tearmainn a íoslaghdú.

- I gcásanna mar a raibh údar imní agus amhrais ar an Oifig mar gheall ar a ndoiciméadú céannachta, tarchuireadh iad chuig Biúró Teicniúil an Gharda dá scrúdú. I roinnt cásanna dheimhnigh an Biúró amhras na hOifige maidir le barántúlacht na ndoiciméad a fuarthas.

- Seoladh roinnt iarratas chuig Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda agus chuig Biúró Teicniúil an Gharda ón Aonad Láithreoireacht ar iarratas ón mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe ag iarraidh go ndéanfaí anailís ar dhoiciméid éagsúla lena n-áirítear

doiciméid chéannachta amhail pasanna nó doiciméid náisiúnta chéannachta. Cuireadh torthaí gach anailíse díobh ar aghaidh chuig an mBinse mar eolas dó.

- Cuireadh socruithe níos láidre ar bun i Aibreán 2008 maidir le gáinneáil ar dhaoine idir an Oifig, Aonad Frithgháinneála ar Dhaoine na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda. Orthu seo bhí córas níos éifeachtaí trína gcuirtear scéala láithreach chuig Biúró Náisiúnta Inimirce an Gharda i dtaobh daoine a mheastar a ndearnadh gáinneáil orthu.

- Neartaíodh chomh maith na socruithe um tuairisciú inmheánach laistigh den Oifig i dtaca le cásanna de gháinneáil ar dhaoine.

- Baineadh an úsáid ba mhó ab fhéidir as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE agus as próiseas EURODAC i gcaitheamh na bliana chun a shocrú cérbh iad na hiarrthóirí ar chóir a phróiseáil i Stát eile de chuid an AE.

- Soláthraíodh teacht ar AVATS (Uathchóras Iarratas ar Víosa agus Rianaithe) d'Fháiltiú na hOifige agus dá hAonaid Bhaile Átha Cliath. Baineadh úsáid astu seo chun iarrthóirí a bhrath a raibh iarratas ar víosa déanta acu le go bhféadfaidís teacht chuig an Stát, ach a choimeád siar an t-eolas seo ina n-iarratas ar thearmann agus a mhaígh go bréagach gur thaistil siad chuig an Stát gan aon doiciméad bailí. Braitheadh 111 de chásanna ina raibh pas agus víosa Éireannach ag iarrthóirí roimh iarratas ar thearmann a dhéanamh sa Stát, nó go raibh amhras láidir ann go raibh.

A bheith mar ionadaí ag an gCoimisinéir ag éisteachtaí achomhairc ag an mBinse Acmhomharc do Dhídeanaithe

- Uasmhéadaíodh an sceidealú ar feadh na bliana, i gcomhar leis an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe, chun a chinntiú go bhféadfadh Oifigigh Láithreoireachta an t-uasmhéid éisteachtaí a sheirbhísiú sa tseachtain. Chiallaigh sin gur seirbhísíodh suas le 2,091 éisteacht, i gcomparáid le 1,672 i 2007, arbh ionann é agus méadú de 25%.

- Sceidealadh cásanna i gcaoi a chuir san áireamh go bhféadfaí cásanna a chur siar nó ar athló agus rinne soláthar chun aschur an Aonaid Láithreoireachta a uasmhéadú.

- Oileadh gach Oifigeach Láithreoireachta a sannadh don Aonad go hiomlán i nósanna imeachta RSD, agus fuair siad sainoiliúint cásoibrí agus oiliúint sa bhfeidhm Láithreoireachta sular sannadh cásanna dóibh le tabhairt os comhair an Bhinse. Leanadh de oiliúnóireacht agus de mheantóireacht ag comhghleacaithe cleachta.

- Déileáladh le gach ceist Alt 16(6) a fuair an tAonad Láithreoireachta ó Bhinse Achomharc na nDideanaithe i 2008 laistigh de na tréimhsí ama socraithe. Fuarthas agus freagraíodh 148 iarratas Alt 16(6) agus 5 iarratas Alt 16(7) i 2008.

- Tugadh an obair chun críche i 2008 chun Painéal Láithreoireachta sealadach a chur ar bun, a bheadh comhdhéanta d'abhcóidí, dlíodóirí agus céimithe dlí, a chuaigh i mbun oibre go luath i 2009 chun riaráiste ar leith de chásanna in RAT a ghlanadh. San áireamh anseo bhí poist a fhógairt, gearrliosta a thiomsú agus agallamh a chur ar iarrthóirí.

Beartais agus nósanna imeachta chun iomláine an chórais a chosaint

- Bhí a polasaithe agus a nósanna imeachta á n-athbhreithniú i gcónaí ag an Oifig. Sa mhéid seo, tugadh isteach cód nua iompair ag agallaimh d'ionadaithe dlí agus d'oifigigh FSS araon.

- Rinneadh athbhreithniú agus leasú ar roinnt nósanna imeacht a bhí cheana ann, mar ba ghá. Orthú seo bhí:
  - Aistriú comhad agus treoirlínte maidir le tógáil comhad
  - Nósann imeachta gáinneála
  - Treoirlinte um thuairisc Alt 13

- Lean an tAonad Beartas agus Nósanna Imeachta de bheith ag coimeád príomhthreoracha nós imeachta agus beartais cothrom le dáta agus athbhreithníodh an Bunachar Sonraí Beartas agus Nósanna Imeachta ionas go n-innéacsaítear gach beartas/nós imeachta anois agus go nasctar é le doiciméid ábhartha eile. Tá an bunachar sonraí níos fusa le húsáid agus le cuartú dá bharr.

- Mar chuid den athbhreithniú leanúnach ar nósanna imeachta tearmainn, cuireadh tús le cainteanna leis an tSeirbhís Chúnaimh do Dhídeanaithe maidir le bunú treoirthionscadail le haghaidh túsualú le comhairle dlí sa chéad áit. Ní raibh deireadh tagtha leis na comhráite faoi dheireadh 2008 ach dealraíonn sé go dtosóidh an treoirthionscadal, nuair a bheidh sé ceaptha, sa chéad ráithe de 2009.

- Chomh maith leis sin, sholáthair an Oifig ionchur d'obair na gComhairlithe Idir-rialtasacha um cúrsaí Tearmainn, Dídeanaí agus Imirce, atá lonnaithe sa Ghinéiv. San áireamh anseo bhí freastal ar Ghrúpaí Oibre agus ar sheimineáir i dtaobh ceisteanna tearmainn.

- I gcaitheamh na bliana leasaíodh agus nuashonraíodh nósanna imeachta na hOifige i dtaca le galair thógálacha/thadhaill agus le ceisteanna míochaine eile.

- Thug an Oifig faoi athbhreithniú chomh maith ar shocruithe slándala chun uaschosaint a sholáthar do shonraí pearsanta de réir na reachtaíochta Cosanta Sonraí. I ndiaidh an athbhreithnithe, cuireadh socruithe i bhfeidhm le haghaidh criptiú níos fearr ar shonraí leictreonacha agus criptiú trealaimh leictreonaigh amhail riomhairí glúine agus fearais stórála eolais leictreonaigh. Dréachtaíodh sraith de "Nósanna Imeachta Slandála Amach ó Láthair na hOifige" do bhaill foirne a iompraíonn comhad, doiciméad nó trealamh leictreonach eile leo le linn chomhlíonadh a ndualgas oifigiúil dóibh, ina mbíonn eolas faoi rún.

- Thug an tAonad Láithreoireachta isteach córas nua chun anailís a dhéanamh ar chinntí a cuireadh i leataobh mar mheicníocht dearbhaithe cailíochta chun aiseolas a sholáthar do Phróiseáil Cásanna bunaithe ar tuairimí a cuireadh ar aghaidh ag éisteachtaí achomhairc tearmainn agus ar na forais achomhairc a sholáthair iarrthóirí i dtaca lena n-achomhairc tearmainn.

- Lean nósanna imeachta aiseolais idir Aonaid Athbhreithnithe Breithiúnaigh, Láithreoireachta agus Próiseála Cásanna na hOifige i dtaca le toradh imeachtaí athbhreithnithe breithiúnaigh, chomh maith le héisteachtaí achomhairc RAT.

Sprioc Ardleibhéil 4

Leanúint dár sársheirbhís do chustaiméirí.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Seirbhís ardchaighdeáin a sholáthar do chustaiméirí.*
- *Eolas soiléir a sholáthar dár gcustaiméirí maidir leis an bpróiseas tearmainn.*
- *Modh cuimsitheach éifeachtach déanta gearán a sholáthar.*

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Sársheirbhís do chustaiméirí

- Is mór an bhéim a chuireann an Oifig ar chaighdeán na Seirbhíse do Chustaiméirí a sholáthraíonn sí agus féachann le cinntiú go bhfaigheann a custaiméirí seirbhís éifeachtach ghairmiúil den scoth ar gach ócáid. Tosaíocht ab ea í seo i gcónaí i 2008.

- I gcaitheamh na bliana rinneadh dhá shuirbhé ar sheirbhís do chustaiméirí, ceann amháin ar an Comhlachtaí Reachtacha agus Dlí a ndéileálann an Oifig leo agus ceann eile a dhírigh ar chomhfhreagras scríofa.

- Thaispeáin torthaí an tsuirbhé ar na Comhlachtaí Reachtacha agus Dlí:
    - gur aontaigh 73% de fhreagróirí go raibh foireann na hOifige dea-bhéasach agus cúirtéiseach.
    - gur aontaigh 75% de fhreagróirí gur dhéileáil foireann na hOifige le comhfhreagras fóin, ríomhphoist agus scríofa go tráthúil.
    - gur aontaigh 69% de fhreagróirí go raibh siad ar an eolas i dtaobh na dteagmhálaithe lastigh den Oifig a d'fhéadfadh cabhrú leo lena gcuid ceisteanna.
    - gur aontaigh 61% de fhreagróirí go raibh an t-eolas riachtanach ag pearsanra na hOifige chun tacú leo lena n-iarratas/riachtanais.

- Rinne an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí an dara suirbhé mí na Nollag 2008, a dhírigh ar thráthúlacht agus ar cháilíocht chomhfhreagras scríofa na hOifige. Ar na rannpháirtithe bhí lucht iarrtha tearmainn, dlíodóirí agus eagraíochtaí neamhrialtasacha a roghnaíodh astu siúd a chuir comhfhreagras chuig an Oifig sna ceithre mhí roimhe sin arbh éigean freagra a thabhairt air.

- Seo a leanas achoimre ar na torthaí:
    - Faightear comhfhreagras scríofa ó 71%, facs ó 21% agus ríomhphoist ó 8%.
    - Faigheann 85% admháil laistigh de 5 lá oibre go hiondúil.
    - Faigheann 90% freagra iomlán nó freagra eatramhach laistigh de 20 lá oibre.

- Bíonn ainm agus uimhir ghutháin teagmhálaí i 90% den chomhfhreagras a fhaightear ón Oifig.
- Bíonn 97% de fhreagraí ón Oifig scríofa i mBéarla soléir sothuigthe.
- Braitheann 86% go mbíonn an t-eolas atá uathu sna freagraí a fhaigheann siad.

- Tá príomhthorthaí an dá shuirbhé le fáil ar láithreán Gréasáin na hOifige (www.orac.ie) Baineadh úsáid as suirbhéanna mar iad chun caighdeán na seirbhíse do chustaiméirí a mheas agus a athbhreithniú agus mar bhonn eolais le beartais agus nósanna imeachta sa réimse sin. Cuirfear moltaí i dtaobh feabhsuithe i bhfeidhm i 2009 más féidir.

- De réir na ngealltanas a leagadh amach i gCairt do Chustaiméirí agus i bPlean Gníomhaíochta do Chustaiméirí na hOifige bhí córais rianaithe comhfhreagrais á gcoinneáil, á n-athbhreithniú agus á nuashonrú i ngach aonad, mar ba ghá. Rianaíodh gach comhfhreagras ó iarrthóir, ó chustaiméirí agus ó pháirtithe leasmhara láithreach agus freagraíodh é go hiondúil laistigh de 20 lá oibre ón dáta fála. Ullmhaíodh freagraí i gcaint shoiléir shothuigthe agus tugadh ainm teagmhálaí ar chomhfhreagras.

- Bhí straitéis chumarsáide inmheánaigh na hOifige mar shlánchuid den phróiseas pleanála gnó i gcónaí. Tionóladh cruinnithe míosúla Aonaid chun an fhoireann a thabhairt cothrom le dáta i dtaobh forbairtí san eagraíocht.

- De réir ghealltanais na Cairte do Chustaiméirí agus na straitéise cumarsáide, thionóil an Oifig cruinnithe i 2008 le heagraíochtaí éagsúla rialtasacha agus neamhrialtasacha atá bainteach leis an bpróiseas tearmainn.

- Tionóladh cruinniú den Phainéal Idirchaidrimh um Sheirbhís do Chustaiméirí mí na Nollag 2008. Fóram úsáideach is ea an Painéal chun dul i gcomhairle ar raon leathan ceisteanna agus eolas a sholáthar d'eagraíochtaí ábhartha neamhrialtasacha i dtaobh forbairtí i dtaca leis an bpróiseas tearmainn in Éirinn.

- Ullmhaíodh Plean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí nua i 2008. Gheofar ann srac-chuntas de ghealltanais na hOifige i dtaca le seirbhís cháilíochta a sheachadadh chun freastal do riachtanais ár gcustaiméirí.

- Phróiseáil an tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí 29,773 ceist ó chustaiméirí i 2008. Gheofar i dTábla A ag Aguisín 5 miondealú ar chatagóirí na gceisteanna seo.

Eolas soiléir do chustaiméirí

- Sholáthair an tSeirbhís do Chustaiméirí seirbhís freagartha gutháin ó Luan go hAoine gach seachtain ó 09.15 go 17.30.

Nósanna Imeachta Gearán do Chustaiméirí

- Gheofar srac-chuntas ar nós imeachta déanta gearán na hOifige sa Chairt do Chustaiméirí agus sa Phlean Gníomhaíochta um Sheirbhís do Chustaiméirí agus coimeádtar é faoi athbhreithniú le cinntiú go n-oibríonn sé go héifeachtach.

Sprioc Ardleibhéil 5

Bainistiú éifeachtach agus críochnúil a dhéanamh ar an eagraíocht agus a acmhainní agus cúram ar leith a dhéanamh d'fhorás na foirne.

Cuspóirí Ráiteas Straitéise 2007-2009

- *Féachaint chuige go dtacaíonn ár gcreataí pleanála um ghnó agus fheidhmíocht aonair le feidhmíocht optamach na heagraíochta.*
- *Daonacmhainní a bhainistiú chun riachtanais ghnó na heagraíochta agus riachtanais foráis na foirne a chomhlíonadh.*
- *Úsáid optamach a bhaint as réitigh TFC chun tacú le riachtanais ghnó na hEagraíochta.*
- *Úsáid éifeachtach na n-acmhainní airgeadais a chinntiú.*
- *Pleanáil faoi chomhair chlár díláraithe an Rialtais agus é a chur chun feidhme chomh fada agus a bhaineann sé leis an Oifig.*
- *Bainistiú éifeachtach a dhéanamh ar sheirbhísí agus ar shaoráidí na hOifige.*
- *Tiomantas láidir a spreagadh do bhealaí nua oibre trí chomhpháirtíocht.*
- *Tacaíocht chorparáideach ardchaighdeáin a sholáthar don Oifig chun gur féidir léi a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh agus monatóireacht éifeachtach a dhéanamh ar chumarsáid na hoifige, go hinmheánach agus go seachtrach.*

Pleanáil Ghnó

- Ullmhaíodh Pleananna Gnó i ngach aonad ag tús na bliana 2008, mar a rinneadh i mblianta roimhe sin. Athbhreithníodh na Pleananna Gnó le haghaidh gach aonaid go ráithiúil agus rinneadh leasuithe nuair ba ghá.

- Leag na Pleananna Gnó ar fad béim láidir ar phróiseáil phras agus éifeachtach iarratas ar thearmann, iarratais ar athaontú teaghlaigh agus cásanna Rialachán Bhaile Átha Cliath II. Rinneadh cuid de Phlean Gnó na hOifige de ghealltanais maidir le Seirbhís do Chustaiméirí agus Dearbhú Cáilíochta chomh maith.

- Sa bhliain 2008 eagraíodh roinnt seisiún mionteagaisc d'fhoireann na hOifige ar an bpróiseas pleanála gnó chun an treoir riachtanach a sholáthar chun Pleananna Gnó a ullmhú agus faireachán a dhéanamh orthu.

- Eagraíodh seisiún aon lae do lucht bainistíochta sinsearach amach ó láthair na hoibre i dtaobh pleanáil ghnó don Oifig go luath sa bhliain.

- Gné eile de chuid an phróisis phleanála gnó i gcónaí ná measúnú ar bhainistiú rioscaí. Chinntigh sé sin gur aithníodh rioscaí féideartha roimh ré agus gur cuireadh maoluithe agus rialuithe i bhfeidhm chun an tionchar ar an Oifig, a custaiméirí agus a páirtithe leasmhara a íoslaghdú. Gné shean-bhunaithe de chuid Phleanáil Ghnó na hOifige faoin am seo is ea rioscaí féideartha don eagraíocht a aithint go luath.

- Athbhreithníodh an Clárleabhar Rioscaí maidir le Plean Gnó gach Aonaid go ráithiúil agus rinneadh beart cuí nuair ba ghá.

- I bhfianaise na pleanála don Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, chuir Plean Gnó gach Aonaid roinn bhreise san áireamh maidir leis an gcreat eagraíochtúla nua beartaithe nuair a achtófar an Bille, chomh maith le cuspóirí agus torthaí inmhianaithe a shrac-rianú don tréimhse i ndiaidh thús feidhme na reachtaíochta nua. Ceapadh Clárleabhair Rioscaí um Bainistiú ar Athrú le haghaidh gach ceann de na hAonaid san Oifig ag tabhair mionchuntas ar na príomhdhúshláin i ngach réimse don tréimhse díreach roimh agus i ndiaidh chur chun feidhme an Bhille, chomh maith leis na rioscaí a ghabhfadh leo agus na bearta a theastódh chun tionchar na rioscaí sin a íoslaghdú.

Forbairtí Daonacmhainní / Oiliúna

- I 2008 chuir an Oifig béim ar leith i gcónaí ar riachtanais na foirne i dtaca le forbairt agus oiliúint daonacmhainní.

- Príomhfhócas ab ea an Straitéis Daonacmhainní (2005-2008) i gcónaí agus tugadh tús áite do raon leathan gealltanas. Rinneadh faireachán ar dhul chun cinn i gcomhthéacs na pleanála gnó. Lena chois sin, tugadh chun críche an tríú Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn i dtaobh na Stráitéise Daonacmhainní agus scaipeadh é ar an gCoiste Comhpháirtíochta agus ar an bhfoireann in Aibreán 2008.

- Cuireadh tús leis an ullmhúchán chun Straitéis Daonacmhainní nua (2009-2010) a dhréachtadh le tógáil ar an dul chun cinn a baineadh amach faoin Straitéis Daonacmhainní (2005-2008). Creat don eagraíocht a bheidh sa Straitéis Daonacmhainní (2009-2010) i gcónaí go dtí go n-achtófar an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008 agus go ndéantar cuid den tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS) den Oifig.

- Chun tuilleadh cúnaimh a sholáthar don fhoireann chun an Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta (PMDS) a chur chun feidhme, scaoileadh leis an bhfoireann neamhbhainistíochta chun freastal ar oiliúint ar an gcóras rátala nua PMDS lena gcomhghleacaithe ó gach cuid den earnáil Dlí agus Cirt le cinntiú go mbeidh tuiscint choiteann ag an bhfoireann ar fad ar an bpróiseas. Lean comhtháthú PMDS le

beartais agus próisis Daonacmhainní i 2008 agus baineadh úsáid as na rátálacha a tugadh don fhoireann ag céim an athbhreithnithe bhliantúla chun cáilitheacht do bhreisíochtaí agus d'ardú céime i 2009 a chinneadh.

- I gcaitheamh 2008, lean an eagraíocht de dheiseanna cáilíochta oiliúna agus foráis a sholáthar don fhoireann. Dréachtaíodh Plean Bliantúil Oiliúna don bhliain 2008 agus scaipeadh é ar an fhoireann ar fad. Chuir sé san áireamh tosaíochtaí oiliúna na heagraíochta agus riachtanais oiliúna aonair a aithníodh trí thimthriall PMDS.

- Bhí an Straitéis Oiliúna agus Forbartha (2005-2008) á chur chun feidhme i gcónaí agus tugadh raon leathan gealltanas chun críche nó brostaíodh iad. Déantar monatóireacht ar dhul chun cinn maidir le cur chun feidhme agus tuairiscítear air go míosúil don Phlean Gnó agus sa Tuarascáil Bhliantúil.

- Soláthraíodh oilúint tacaíochta síceolaíoch agus piarthacaíocht leanúnach don fhoireann Próiseála Cásanna. Ba é an cuspóir le piarthacaíocht, a tugadh isteach i 2003, a chinntiú go bhfuil na córais riachtanacha i bhfeidhm ag an Oifig chun cuidiú le baill foirne a dhéileálann le hiarrthóirí ar íospartaigh iad de bharr céasadh nó foirmeacha eile tairíde ina dtíortha tionscnaimh.

- Eascaíonnn Oifigigh Chúnaimh d'Fhostaithe seisiúin phiarthacaíochta, a mhaireann tuairim is uair an chloig go leith. Socraítear seisiún le haghaidh gach Aonaid gach cúig seachtaine.

- Sa bhliain 2008 bhí oiliúint á soláthar i gcónaí ag an Oifig i gCinneadh Stádas Dídeanaí. Cuireadh oiliúint ar fáil chomh maith don fhoireann Próiseála Cásanna i bhfeasacht ar gháinneáil ar dhaoine agus conas ceisteanna a d'fhéadfadh a bheith ina gceisteanna gáinneála le linn an phróisis chinntithe.

- Ceapadh oiliúnóirí nua ar an bhfoireann oiliúna intí a bhí ag soláthar oiliúint i dtaobh Cinneadh Stádas Dídeanaí agus oiliúint ghaolmhar do chomhghleacaithe nua.

- Bhí cláir chuimsitheacha ionduchtúcháin foirne á gcur ar fáil i gcónaí do gach ball foirne nua san Oifig.

- Sholáthair baill foirne ón Aonad Láithreoireachta for-amharc ar a bhfeidhm d'fhoireann eile na hOifige.

- Soláthraíodh 860 aonad oiliúnta san iomlán don fhoireann i gcaitheamh na bliana. Le hais seachadadh oiliúna oibríochtúla ar nós Cinneadh Stádas Dídeanaí, oiliuint maidir le hEolas faoi Thír Thionscnaimh agus Ionduchtúchán Sainiúil do Chásobair, seachadadh cúrsaí oiliúna sna réimsí seo a leanas: Scileanna cumarsáide, scileanna seirbhíse do chustaiméirí, scileanna cruinnithe agus breactha miontuairiscí, scileanna bainistithe maoirseachta agus oiliúint d'oiliúnóirí. D'fhreastail an fhoireann ar oiliúnt maidir le rátáil PMDS, oiliúint Mhaoir Dóiteáin, garchabhair ceirde agus oiliúnt in úsáid dífhibrileoirí cairdiacha.

- I gcaitheamh na bliana, lean an obair ar fhorbairt chlár cuimsitheach oiliúna le haghaidh tabhairt isteach gnéithe Nós Imeachta Aonair den Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Fuair gach ball foirne oiliúint roimh thabhairt iseacht an chórais nua TF CITRIX ag deireadh Dheireadh Fómhair 2008.

- Coimeádadh acmhainní foirne an hOifige faoi athbhreithniú leanúnach ag leibhéal aonaid agus ag leibhéal eagraíochta araon agus rinneadh athleithdháileadh agus atheagrú ar acmhainní go hinmheánach ar níos mó ná ócáid amháin chun freastal do riachtanais ghnó atá ag athrú. Lean an t-idirchaidreamh leanúnach leis an INIS agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí chun uasmhéid na bpost formheasta a líonadh. Athimscaradh ceathrar ball foirne i 2008 chuig an príomh-Roinn i ndiaidh aistriú na hOifige ó chóras TF na hOifige go dtí an córas CITRIX.

- Bhí seisiúin lóin agus foghlama á soláthar don fhoireann i gcónaí i 2008. Socraíodh caint am lóine le Comhpháirtíocht Thamhlachta don "tSeachtain Idirchultúrtha agus Frithchiníochais" in Aibreán 2008. Sna seisiúin eile pléadh topaicí ar nós obair Bhiúró Náisiúnta Inimirce an Gharda, obair Oifig Víosa INIS in Ambasáid na hÉireann in Abjua, an Nigéir, an próiseas comhpháirtíochta agus slándáil sonraí. Lena chois sin, eagraíodh cainteanna eolais don fhoireann ar thopaicí a bhaineann le pinsin agus disléicse.

- Tugadh caint am lóin chomh maith i dtaobh Straitéis Ghníomhaíochta do Láithreacha Oibre Comhtháite – Seachtain in Samhain 2008 ag ionadaí ón NCCRI.

- D'óstáil an Oifig mac léinn socrúcháin oibre ó Choláiste Ollscoile Chorcaí mar intéirneach ar feadh 14 seachtain idir Meitheamh agus Meán Fómhair 2008.

- Ghlac an Oifig páirt i gclár intéirneach na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Féachann an Clár le tuiscint níos fearr a sholáthar do chéimithe dlí ar cheisteanna earnála poiblí agus a taithí níos leithne a thabhairt dóibh agus cúnamh dlí a sholáthar do Ranna agus gníomhaireachtaí ag an am céanna. Earcaíodh ceithrar intéirneach dlí le haghaidh sannadh sealadach.

- I ndiaidh cinneadh chun Painéal Dlí Láithreoireachta sealadach a bhunú, comhdhéanta d'aturnae, dlíodóirí agus céimithe dlí chun ionadaíocht a dhéanamh ar son an Choimisinéara ag éisteachtaí achomhairc ó bhéal os comhair Binse Achomhairc na nDídeanaithe agus ba é Aonad Daonacmhainní na hOifige a riar an próiseas roghnúcháin agus earcaíochta. Cuireadh fógraí le haghaidh sannadh chuig an bPainéal seo i nuachtáin náisiúnta sa chéad tseachtain de Dheireadh Fómhair 2008. Cumadh gearrliosta agus cuireadh iarrthóirí faoi agallamh ina dhiaidh sin. Chuaigh an Painéal i mbun oibríochtaí mí Feabhra 2009 i ndiaidh oiliúna go luath i 2009.

- Athbhreithníodh an Scéim Ríomhoibrithe Píolótach agus leathnaíodh é ina dhiaidh sin.

- Déileáladh le 1,755 ceist ag an Deasc Cabhrach Pearsanra i gcaitheamh na bliana.

- Mar chuid d'obair na hOifige chun géilliúlacht don Acht Míchumais, 2005, a chinntiú agus ag éirí as a Phlean Gníomhaíochta, bhí oiliúint chuí á soláthar ag an Oifig i gcónaí don phríomhfhoireann líne thosaigh.

- Bhí idirchaidreamh rialta ann leis an Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe maidir le ceisteanna oibre a bhí ag déanamh buartha don fhoireann agus socraíodh seisiúin fháisnéisithe don fhoireann i ndiaidh teagmhais chriticiúil a tharla ag an Oifig mí Iúil 2008. Mar thacaíocht bhreise don fhoireann, bhí cuairteanna rialta ar láthair na hoibre ón Oifigeach Cúnaimh d'Fhostaithe á socrú i gcaitheamh na bliana. Lena chois sin, eagraíodh Clinicí Pearsanra i dtí cinn d'fhoirgnimh na hOifige ar bhonn rialta mar a raibh baill den Aonad Daonacmhainní ar fáil chun ceisteanna ón bhfoireann a fhreagairt.

- I 2008, lean an Oifig dá Beartas agus Clár Comhionannais a chur chun feidhme agus ullmhaíodh tuarascáil ar dhul chun cinna a scaipeadh ar an bhfoireann.

- Cuireadh an Lá Cothromaíochta Oibre is Saol chun cinn an 29 Feabhra 2008. Tá raon leathan scéimeanna cothromaíochta oibre is saol ar fáil don fhoireann lena n-áirítear jabroinnt, obair théarma, fleisc-am, saoire tuismitheora, srl.

- Lean Scéim Moltaí Foirne a thugann deis don fhoireann moltaí a dhéanamh a rachadh chun tairbhe na heagraíochta. Rinneadh dámhachtain amháin i 2008.

- Bhí na hullmhúcháin go maith chun cinn chun Taighdeoirí Dlí agus Taighdeoir Dlí Sinsearach a earcú. Ach i ngeall ar an staid buiséadach níor fógraíodh na poist.

Teicneolaíocht Faisnéise agus Staitisticí

- Bhí ionadaithe ag an Oifig i gcónaí ar an mBord Tionscadail agus ar an nGrúpa Feidhmithe don Uathchóras Aitheanta Méarlorg (AFIS).

- Lean an obair chomh maith ar Thionscadal AISIP (an Clár Straitéiseach Imeasctha Tearmainn agus Inimirce).

- Príomhthosaíocht don Oifig is ea na bunachair sonraí a uasghrádú chun slí a dhéanamh do struchtúir agus do nósanna imeachta nua ar thús feidhme an Bhille un Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, faoi réir fhormheas dhá Thithe an Oireachtais. Rinneadh forbairt shuntasach ar na bunachair sonraí ábhartha i gcaitheamh na bliana.

- Bhí bunachar sonraí Deisce Cabhraigh á gcothabháil ag an Aonad TF i gcónaí chun iarratais agus ceisteanna mar theall ar thacaíocht TF a thaifeadadh agus a rianú ionas gurbh fhéidir le custaiméirí inmheánacha a gcuid ceisteanna a chur le ríomhphost díreach chuig an Deasc Cabhrach dá n-aire, mar ar féidir monatóireacht agus brostú a dhéanamh orthu. Ba é 3,643 líon iomlán na-iarratas a cuireadh chuig an Deasc Cabhrach TF agus chuig an Aonad Tacaíochta nua RAC i 2008. Lena chois sin, próiseáladh roinnt mhaith iarratas maidir le monatóireacht a tháinig leis an bpost.

- Cuireadh bearta feabhsaithe i bhfeidhm chun sonraí a chosaint de réir freagrachtaí reachtacha na hOifige faoi reachtaíocht Cosanta Sonraí. Ina measc sin bhí criptiú sonraí leictreonacha agus trealaimh TF, rialú agus srianú níos déine ar úsáid trealaimh TF agus rialuithe rochtana níos déine i gcás eolas ar chomhaid leictreonacha.

- Sholáthair an tAonad TF ardleibhéal i dtuairisciú staitistiúil agus eolas bainistíochta i gcónaí don Oifig agus dhéileáil le 378 ceist staitistiúil i 2008. Rinne foireann an Aonaid ionadaíocht ar son na hOifige ar Ghrúpa Bainistíocht ar Athrú Staitistiúil INIS agus rinne ionchur suntasach i dtiomsú tuarascala i dtaobh freastal do riachtanais tuairiscithe staitistiúla INIS.

- Lena chois sin, tugadh faoi roinnt tionscadal meánach go mórscála le haghaidh forbairt agus cothabháil leanúnach córais TF na hOifige lena n-áirítear forbairt roinnt leabharlanna nua doiciméad do phríomhréimsí den eagraíocht agus uasghrádú ar bhunachair sonraí do bhainistiú iarratas ar thearmann.

- Athbhreithníodh na hacmhainní TF atá ar fáil don Aonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh le haghaidh bainistiú cásanna agus gineadh staitisticí ábhartha i gcomhbheart idir na hAonaid Athbhreithnithe Bhreithiúnaigh agus TF. Forbraíodh leagan feabhsaithe den bhunachar sonraí ábhartha mar thoradh air sin. Le cois a chinntiú go ngabhfar agus go n-ionchuirfear eolas ina dhiaidh sin, thug an tAonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh faoi athbhreithniú agus uasghrádú ar a thaifid stairiúla chun úsáideacht an fheabhsúcháin a uasmhéadú.

- Chruthaigh chéad mhodúl AISIP, a bhí ar an gcéad mhodúl le bheith beoite i 2007, an Córas Eolais faoi Thír Thionscnaimh, go maith d'oibrithe cásanna leithleacha. Soláthraíonn an córas áiseanna le haghaidh cothabháil agus rochtain ar eolas leictreonach (i gcás tuairiscí COI agus freagraí ar cheisteanna COI gan ainm), bainistiú leabharlann iasacht an Ionaid Doiciméadaithe do Dhídeanaithe (RDC) agus bainistiú fáil agus próiseáil ceisteanna a fuarthas i dtaca le hiarratais ó chliaint an RDC. Cuireadh tús le hathstruchtúrú ábhir, chun freastal do riachtanais chliant atá ag athrú an t-am ar fad, agus tá pleananna á gcumadh chun saindearadh níos fearr a dhéanamh ar leathanach baile na ríomhleabharlainne agus corprú gnéithe breise, lena n-áirítear tacaíocht don ábhar ilteangach.

- Mar ullmhúchán do chomhchuimsiú na hOifige in INIS i ndiaidh achtú an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008, socraíodh go n-aistreofaí an Oifig go dtí córas TF comhroinnte CITRIX na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Príomhdhúshlán don Oifig ab ea é sin i 2008. Bunaíodh Grúpa Oibre chun maoirsiú a dhéanamh ar an aistriú réidh seo bunaithe ar chur chuige tionscadal-bhunaithe agus baineadh é sin amach mí Dheireadh Fómhair 2008.

- Déanann Ballstáit Rialacháin Bhaile Átha Cliath II an AE cumarsáid trí chóras slán cumarsáide leictreonaigh ar a dtugtar DubliNET. Uasghrádaíodh freastalaí ceangail DublinNET de chuid Aonad Bhaile Átha Cliath mí na Nollag 2008 go freastalaí nua ardsonraíochta do luas agus d'éifeachtacht optamach.

Acmhainní Airgeadais

- Chuir an Oifig rialuithe inmheánacha agus seachtracha cuí airgeadais i bhfeidhm chun a chinntiú gur fhan caiteachas laistigh den bhuiséad agus de réir Nósanna Imeachta Bheartas Airgeadais agus na dTreoirlínte Soláthair Phoiblí. Rinneadh monatóireacht chomh maith ar chaiteachas chun luach ar airgead a chinntiú.

- Tá toradh chaiteachas na hOifige don bhliain 2008 leagtha amach in Aguisín 6 den tuarascáil seo.

Dílárú

- Ní raibh an Oifig san áireamh sa chlár díláraithe i gcaitheamh na bliana ach aistríodh baill foirne chuig agus ón eagraíocht i bhfianaise na socruithe díláraithe.

Seirbhísí Tacaíochta Inmheánacha

- Dhéileáil an tAonad Eagraíochtúil/Airgeadais le 2,424 iarratas ó bhainisteoirí agus ón bhfoireann ar sheirbhís tacaíochta eagraíochtúla, cóiríochta, bainistiú tí, airgeadais agus seirbhísí riachtanacha eile chun tacú le feidhmíocht optamach na heagraíochta. Bhí bunachar sonraí tacaíochta á chothabháil ag an Aonad i gcónaí don Deasc Chabhrach ar mhaithe le héifeachtúlacht uasta i soláthar na seirbhísí sin.

- Sholáthair an tAonad Cóipeála/Clárúcháin príomhsheirbhís tacaíochta don Oifig trí 3,811 comhad a chóipeáil agus 12,995 comhad a logáil isteach agus amach as Clárú le linn 2008. Dhéileáil an Deasc Cabhrach le 3,693 iarratas i 2008. Chomh maith leis sin, d'athbhreithnigh agus d'fheabhsaigh an tAonad na nósanna imeachta do chóipeáil, tógáil agus aistriú cáschomhad.

Comhpháirtíocht

- Bhí an chomhpháirtíocht an-tábhachtach riamh agus i gcónaí maidir le bainistiú ar athrú agus nuachóiriú laistigh den eagraíocht. Bunaíodh na sé Choiste Comhpháirtíochta mí Mheán Fómhair 2008 agus bhí trí chruinniú acu roimh dheireadh na bliana. Bhí cúig chruinniú ag an gCoiste roimhe sin i gcaitheamh na bliana. Phléigh na Coistí Comhpháirtíochta ceisteanna éagsúla agus
    - shocraigh seisiún eolais don fhoireann chun feasacht a mhéadú i dtaobh Coiste Comhpháirtíochta na hOifige agus a chuid oibre, i dtaobh an phróisis chomhpháirtíochta agus i dtaobh bhuntáistí na comhpháirtíochta.
    - scrúdaigh moladh maidir le Cód Gléasta don eagraíocht.

- Lean Coiste Sóisialta na hOifige, a bunaíodh mar Ghrúpa Oibre Choiste Comhpháirtíochta i 2006 chun gníomhaíochtaí sóisialta a chur chun cinn san Oifig, dá chuid oibre i 2008 agus d'eagraigh roinnt ócáidí ar éirigh go maith leo.

- Athbhunaiodh an Grúpa Oibre Phobail Áitiúil i 2008 i ndiaidh a rath i mblianta roimhe chun tacaíocht a chur chun cinn don phobal áitiúil trí imeachtaí bailithe airgid. D'eagraigh an Grúpa Oibre roinnt imeachtaí i gcaitheamh na bliana agus bhailigh €2,600 don Ionad Saoil ar Chearnóg an Phiarsaigh, Baile Átha Cliath 2. Freastalaíonn an tIonad Saoil ar pháistí idir 12 agus 16 bliain d'aois nár aistrigh ón mbunscoil go hiarbhunscoil. Cabhraíonn an tIonad le forás pearsanta na bpáistí agus ullmhaíonn iad don Teastas Sóisearach, do cháilíochtaí FETAC agus do cháilíochtaí eile nach iad. Baineadh úsáid as an mbronntanas chun sorn nua agus roinnt trealamh adhmadóireachta a cheannach don Ionad.

Forbairtí Corparáideacha

- Bhí Ráiteas Straitéise na hOifige do na blianta 2007 go 2009 á chur chun feidhme i gcónaí. Soláthraíonn an Tuarascáil nuashonrú ar chur chun feidhme agus ar bhaint amach na Spriocanna Ardleibhéil sa Ráiteas. Leagann an Ráiteas Straitéise amach treo soiléir do ghníomhaíochtaí na hOifige roimh na socruithe reachtacha nua pleanáilte sa Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008 faoin ndéanfar cuid den tSeirbhís Náisiúnta Eadóirseachta agus Inimirce (INIS) den oifig.

- Faoin Tionscnamh Bainistíochta Straitéisí (SMI) bhí trí chruinniú ag an bhfoireann amach ó láthair na hoibre i gcaitheamh na bliana chun éisteacht le láithriúcháin agus roinnt topaicí ar spéis iad don eagraíocht a phlé, lena n-áirítear tabhairt isteach na reachtaíochta inimirce agus cosanta, próiseáil iarratais ar thearmann, teicneolaíocht na faisnéise agus sláinte agus sábháilteacht.

- Ghlac an fhoireann ar fad sna hAonaid Próiseála Cásanna i dteannta le lucht bainistíochta sinsearaí san Oifig páirt i dtrí cinn de cheardlanna mí Aibreán, mí an Mheithimh agus mí Dheireadh Fómhair 2008, a dhéileáil leis na hábhair seo a leanas:
    - Cur chun feidhme éifeachtach phróiseas PMDS, bainistiú feidhmíochta, cultúr feidhmíocha a chothú agus a leabú san Oifig agus spriocanna dúshlánacha a shocrú don fhoireann.
    - Úsáid éifeachtach a bhaint as Eolas faoi Thír Thionscnaimh sa phróiseas tearmainn.
    - Aiseolas ón Aonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh maidir le dlí-eolaíocht agus an cleachtas is fearr atá ag teacht chun cinn i bpróiseáil iarratas ar thearmann.
    - Beidh Measúnú ar Riosca ar ár Spriocanna Ardleibhéil i Ráitéis Straitéise 2007-2009 agus na Bunspriocanna Inghnóthaithe inár bPlean Gnó mar chuid dár bpleanáil ghnó don bhliain 2008.

- Ag na fóraim seo, tugadh deis don fhoireann smaointe agus moltaí a chur ar aghaidh a rachadh chun tairbhe don Oifig. Breithníodh na moltaí seo go cúramach ina dhiaidh sin ag lucht bainistíochta sinsearaí agus cuireadh chun feidhme iad i gcás go raibh siad indéanta agus praiticiúil.
- Socraíodh ceardlanna breise do bhaill foirne eile san Oifig maidir leis an bpróiseas PMDS, le pleanáil, le measúnú na rioscaí gaolmhara agus leis an bpróiseas bainistiú ar athrú do thabhairt isteach an Bhille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008.

- Ullmhaíodh tuarascáil dhul chun cinn i dtaobh an Phlean Nuachóirithe agus Gníomhaíochta *I dTreo 2016* Clúdaíonn an Plean Gníomhaíochta seo an tréimhse go Meán Fómhair 2008, agus leagann amach clár oibre na heagraíochta – i bhfoirm beart, tréimhsí ama agus táscairí feidhmíochta aontaithe – le haghaidh nuachóiriú, solúbthacht agus comhar leis an athrú leanúnach san Oifig sa tréimhse sin.

- Dréachtaíodh Ráiteas Beartais Sláinte agus Sábháilteachta nua don oifig chun a chumasú don oifig freastal go hiomlán dá bhfreagrachtaí don fhoireann agus do chustaiméirí faoin reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta. Tugadh roinnt tionscnamh leantach isteach, lena n-áirítear:
    - Ceapadh agus oiliúin foirne mar Mhaoir Dóiteáin agus oiliúint foirne i ngarchabhairt agus in úsáid Dífhibrileoirí Cairdiacha.
    - Feasacht mhéadaithe i measc na foirne ar cheisteanna Sláinte agus Sábháilteachta.
    - Athbhreithniú agus feabhsú ar nósanna imeachta slándála agus sábháilteachta na hOifig le haghaidh sábháilteacht optamach fhoireann agus custaiméirí na hOifige.
    - Suiteáil trealamh breise Sláinte agus Sábháilteachta.

- De réir an chleachtais is fearr i mBeartas Bainistíochta Taifead na hOifige do bhainistiú taifead agus comhad neamhcháis san Oifig, cuireadh leabharlanna de dhoiciméid leictreonacha ina bhfuil líon mór taifead i gcartlanna agus ina n-áit cuireadh leabharlanna nua a bhfuil gnéithe feabhsaithe um bainistiú taifead san áireamh iontu nua.

Cuid 4

Aguisíní

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Aguisín 1

Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta na hOifige

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Aguisín 1

Struchtúr Fhoireann Bhainistíochta na hOifige

Coimisinéir					
Príomhoifigeach					
Príomhoifig-each Cúnta Aonad Daonacmhainní (Oiliúint & Pearsanra)	**Príomhoifig-each Cúnta** Oifig Chorparáideach, Seirbhís do Chustaiméirí	**Príomhoifig-each Cúnta** Aonad Tacaíochta RAC, Eagrú/Airgeadas, An tAonad Cóipeála/Clárúcháin, Comhtháthú AISIP	**Príomhoifig-each Cúnta** Aonad Láithriúcháin		
Príomhoifigeach					
Príomhoifig-each Cúnta Próiseáil Cásanna	**Príomhoifig-each Cúnta** Próiseáil Cásanna, Beartas & Nósanna Imeachta	**Príomhoifig-each Cúnta** Aonad Tacaíochta COI/RSD, Athbhreithniú Breithiúnach	**Príomhoifig-each Cúnta** Nós Imeachta Aonair	**Príomhoifig-each Cúnta** Aonad Bhaile Átha Cliath, Aonad Imscrúdaithe	**Príomhoifig-each Cúnta** Riarachán / Sceidealú, An tAonad um Ghlacadh, Aonad Athaontaithe Teaghlaigh

Aguisín 2

Forléargas ar Aonaid na hOifige

Aguisín 2 – Forléargas ar Aonaid na hOifige

An tAonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna

Is iad feidhmeanna an Aonad Riaracháin um Phróiseáil Cásanna:

- agallaimh a sceidealú do lucht iarrtha tearmainn
- socruithe a dhéanamh ionas go mbeidh seirbhísí ateangaireachta agus aistriúcháin ar fáil
- an áit feithimh d'agallaimh a bhainistiú
- fógraí cinnidh a eisiúint d'iarrthóirí tearmainn agus do pháirtithe lena mbaineann i ndiaidh imscrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thearmann.
- próiseáil a dhéanamh ar chásanna a mheastar a bheith tarraingthe siar
- tacaíocht riaracháin a chur ar fáil do na haonaid phróiseáil cásanna
- comhfhreagras a phróiseáil maidir leis na haonaid próiseála
- clárleabhar staitistiúil a chothabháil agus a choimeád chun dáta.

Na hAonaid Phróiseála Cásanna

Is é próiseáil cásanna croí-fheidhm na hOifige agus ciallaíonn sé éilimh ar stádas dídeanaí a imscrúdú ar bhonn cás ar chás. Is é príomhchuspóir na nAonad Phróiseáil Cásanna ná imscrúdú cóir, tráthúil agus éifeachtúil a dhéanamh ar iarratais ar dhearbhú mar dhídeanaí agus moltaí atá láidir ó thaobh an dlí de a dhéanamh maidir le hiarratais mar iad. Áirítear ar an imscrúdu agallamh aonair a chur ar iarrthóirí, taighde oibiachtúil a dhéanamh ar na héilimh a dhéantar agus moltaí a dhéanamh faoi cibé ar chóir 'glacadh' le hiarratas nó 'diúltú' dó.

An tAonad Tacaíochta COI/RSD

Is é ról an Aonaid seo tacaíocht éifeacht a sholáthar do na hAonaid Phróiseáil Cásanna agus Láithriúcháin trí Eolas ar Thíortha Tionscnaimh (COI), Dearbhú Cáilíochta agus acmhainní treoir RSD na hOifige a fhorbairt de réir na bhforbairtí sa reachtaíocht, sa dlí-eolaíocht agus sa chleachtas idirnáisiúnta is fearr.

An tAonad Cóipeála/Clárúcháin

Tá an tAonad Cóipeála/Clárúcháin freagrach as bainistiú comhad agus cóipeáil comhad san Oifig.

An Oifig Chorparáideach

Is é ról na hOifige Corparáidí ná maoirsiú a dhéanamh ar sholáthar tacaíocht ardchaighdeáin riaracháin agus rúnaíochta don Choimisinéir Iarratais do Dhídeanaithe agus dá Foireann Bainistíocht Sinsearach chun a chumasú dó a feidhmeanna reachtúla agus neamhreachtúla a chomhlíonadh. Comhordaíonn an Oifig ábhar mar fhreagra ar iarratais ó *inter alia*, ranna /gníomhaireachtaí rialtais agus na meáin; ullmhaítear ann gach doiciméd corparáideach agus tá cúram uirthi as iad a scaipeadh.

An tIonad Seirbhíse do Chustaiméirí

Tá cúram ar an Ionad Seirbhíse do Chustaiméirí as forbairt agus monatóireacht a dhéanamh ar struchtúir na seirbhíse do chustaiméirí, as bhainistiú ceisteanna ó chustaiméirí agus as idirchaidreamh le heagraíochtaí eile (idir rialtasach agus neamhrialtasach).

An tAonad Bhaile Átha Cliath

Tá Aonad Bhaile Átha Cliath freagrach as Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE a chur chun feidhme. Pléann an tAonad, go ginearálta, le hiarratais chun iarratais ar thearmann a aistriú chuig Stáit eile de chuid Choinbhinsean Bhaile Átha Cliath agus pléann le hiarratais ó Stáit eile chun iarrthóirí ar thearmann a aistriú go dtí an Stát seo.

An tAonad Athaontaithe Teaghlaigh

Scrúdaíonn an tAonad Athaontú Teaghlaigh iarratais ó theifigh ar chead go ligfí do bhaill áirithe dá dteaghlaigh teacht isteach agus cur fúthu sa Stát.

An tAonad Daonacmhainní

Is é ról an Aonaid Daonacmhainní díriú ar chur chuige straitéiseach a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith Bainistiú Daonacmhainní. Forbraíonn an tAonad beartais agus nósanna imeachta daonacmhainní don eagraíocht agus tá Oifigeach Comhionannais agus Míchumais aici a ceapadh go háitiúil le cinntiú go mbíonn an fhoireann ar fad ar an eolas mar gheall ar na beartais atá ann maidir le deiseanna cothroma, míchumas agus bulaíocht agus ciapadh. Próiseálann sé chomh maith iarratais ar scéimeanna saoire teaghlaigh, iarratais ar aistrithe, iarratais ar shaoire speisialta, srl. agus déanann idirchaidreamh leis an Roinn maidir le cúrsaí foirne. Tá sé freagrach chomh maith as bainistiú a dhéanamh ar fheidhmeanna Daonacmhainní a cineachadh chuig an Oifig ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí (.i. fleisc-am, saoire bhliantúil agus saoire speisialta le pá). Tá cúram ar an Aonad Daonacmhainníi chomh maith as oiliúint a chomhordú, a éascú agus a sheachadadh don fhoireann. Oibríonn an tAonad go dlúth le hAonaid eile agus le hoiliúnóirí intí chun a chinntiú go n-aithnítear riachtanais oiliúna agus go dtagann an oiliúint a chuirtear ar fáil le riachtanais na heagraíochta trí a bheith ábhartha agus sonrach don bpost. Tá cúram air chomh maith as scéimeanna athchistiú táillí a oibriú agus coimeádann sé na bunachair sonraí PMDS agus oiliúna.

An tAonad Imscrúdaithe

Tá sé de chúram ar an Aonad Imscrúdaithe tionscnaimh a cheapadh a chuideoidh chun mí-úsáid an chórais tearmainn a bhrath agus a chosc agus iomláine phróiseas tearmainn an Stáit a chosaint dá réir.

An tAonad Athbhreithnithe Breithiúnaigh

Ullmhaíonn an tAonad Athbhreithniú Breithiúnach freagra na Oifige ar iarratais ar athbhreithniú breithiúnach agus ar iarratais ar chead chun cur isteach ar athbhreithniú breithiúnach i gcás moltaí agus/nó nósanna imeachta chéad uaire. Scrúdaíonn an tAonad an t-iarratas agus ullmhaíonn mionteagasc don chomhairle agus mionnaíonn siad mionnscríbhinní freagracha sa chás go measann ár gcomhairleoirí dlíthiúla gur cuí. Má nochtann athbhreithniú breithiúnach earráid nó easnamh atá ábhartha do mholadh na chéad uaire féachfaidh an tAonad le teacht ar shocrú gan mhoill a bheidh sásúil don dá thaobh.

An tAonad um Eagrú/Airgeadas

Tá cúram go príomha ar an Aonad Eagraíochta/Airgeadais as bainistiú agus rialú airgeadais, sláinte agus sábháilteacht agus soláthar seirbhísí riachtanacha tacaíochta (m.sh. cóiríocht, trealamh, soláthairtí) d'aonaid eile den Oifig.

An tAonad Beartais agus Nósanna Imeachta

Is é ról an Aonaid seo gníomhú mar acmhainn lárnach eolais chun treoir a sholáthar maidir le forbairt agus athbhreithniú leanúnach ar bheartas agus ar nósanna imeachta na hOifige maidir le bainistiú agus imscrúdú éileamh agus chun an oiliúint chuí a chomhordú agus a sholáthar don fhoireann sa mhéid sin.

An tAonad Láithriúcháin

Is é ról an Aonaid Láithriúcháin ionadaíocht a dhéanamh thar ceann an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe ag éisteachtaí achomhairc os comhair an Bhinse Achomharc do Dhídeanaithe, freagairt a thabhairt ag éisteachtaí achomhairc ar na ceisteanna a tarraingíodh anuas in achomharc an achomharcóra agus cuidiú leis an gComhalta Binse teacht ar mholadh cóir agus ceart. Soláthraíonn an tAonad freagairtí reachtúla faoi ailt 16(6) and 16(7) d'Acht na nDídeanaithe, 1996. Tacaíonn an tAonad chomh maith le Painéal Láithriúcháin an Choimisinéara.

An tAonad Tacaíochta RAC agus Staitisticí

Tá an tAonad um Thacaíocht don RAC freagrach as tiomsú agus scaipeadh staitisticí agus eolas bainistíochta, as freagra a thabhairt ar iarratais ar eolas staitistiúil agus tacaíocht a sholáthar ag leibhéal áitiúil don oifig i gcás trealamh agus córais chumarsáide líne shocraithe agus ceisteanna TF nach ceisteanna CITRIX iad.

An tAonad um Ghlacadh

Dlúthchuid den phróiseas tearmainn is ea an tAonad um Ghlacadh a rialaíonn glacadh le agus próiseáil iarratais ar thearmann ar an gcéad dul síos.

Foireann Idirlinne an Nós Imeachta Aonair

Comhchuimseofar feidhmeanna na hOifige i Seirbhís Eadóirseachta agus Inimirce na hÉireann (INIS) nuair a achtófar an Bille um Inimirce, Cónaí agus Cosaint, 2008 (INIS). Beidh cúram ar an INIS as sin amach as iarratais ar stádas dídeanaí a chinneadh sa chéad áit mar chuid de nós imeachta aonair níos forleithne a bhreithneoidh ceisteanna maidir le fochosaint agus cead fanachta chomh maith.

Cinntíonn Foireann Idirlinne Nósanna Imeachta Aonair go bhforbraíonn agus go gcuireann an Oifig i ngníomh na nósanna imeachta agus na beartais a theastaíonn chun cur i gníomh na reachtaíochta nua beartaithe a éascú. Áireofar air seo athbhreithniú agus leasú ar dhoiciméid atá in úsáid go reatha sa phróiseas tearmainn amhail an bhileog eolais agus an ceistneoir chomh maith le comhordú agus forbairt na modúl oiliúna riachtanach.

Aguisín 3

Staitisticí Iarratas/Próiseála

Líon na nIarratas in aghaidh na bliana ó 1992 go 2008



Iarratais a fuarthas de réir na míosa ó 01/01/08 go 31/12/08



Láithreacha Iarratais 2008



Aois Tugtha ag Iarrthóirí 2008



Miondealú de réir Inscne 2008



Na Sé Thír Thionscaimh ba Choitianta 2008



Comparáid idir Iarratais a Fuarthas agus Cásanna a Críochnaíodh 2008



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Sam	Noll	Iomlán Bliantúil
Iarratais a Fuarthas	*329*	*296*	*299*	*299*	*301*	*329*	*339*	*333*	*360*	*357*	*324*	*300*	*3866*
Cásanna a Críochnaíodh	*418*	*396*	*365*	*384*	*365*	*346*	*394*	*352*	*406*	*418*	*429*	*308*	*4581*

Cásanna a Críochnaíodh 2008



Cead Tugtha	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir go mbronnfaí stádas dídeanaí ar an iarrthóir.*
Diúltaithe s.13(4)(b)	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir (faoi fhorálacha Acht na nDídeanaithe 1996, infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 15 lá.*
Diúltaithe a.13(5)	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh ar an iarrthóir agus tá cinneadh cuimsithe aige ina thuarascáil faoi alt 13(6) (faoi fhorálacha Acht 1996, infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Caithfear achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe laistigh de 10 lá.*
Diúltaithe s.13(2)	*Tá moladh déanta ag an gCoimisinéir nár cheart stádas dídeanaí a bhronnadh mar ar tarraingíodh siar iarratas nó gur measadh é a bheith tarraingthe siar (faoi fhorálacha Acht 1996, infheidhme i ndiaidh 15 Meán Fómhair, 2003). Ní ceadmhach achomharc a dhéanamh chuig an mBinse Achomhairc do Dhídeanaithe.*
s. 22(8)	*Baineann cásanna críochnaithe faoi alt 22(8) le hiarrthóirí a aistríodh faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II a ndearnadh cinntí ina leith ag an Oifig.*
Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE	*I gcásanna inar bunaíodh gur cheart iarratas an iarrthóra ar stádas dídeanaí a chinneadh i Stát eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE.*

Moltaí Eisithe 2008



Agallaimh a Sceidealadh agus a Rabhthas i Láthair dóibh 2008



Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	MF	DF	Samh	Noll
Sceidealta	*387*	*379*	*351*	*425*	*427*	*396*	*474*	*423*	*428*	*432*	*434*	*320*
I láthair	*252*	*284*	*224*	*295*	*257*	*268*	*318*	*256*	*293*	*291*	*311*	*199*
** % i láthair*	*78%*	*86%*	*82%*	*82%*	*81%*	*85%*	*93%*	*86%*	*89%*	*89%*	*90%*	*92%*

**Ní áirítear ar ráta freastail na n-iarrthóirí agallaimh a chuir an Oifig siar.*

Iarratais a bhí fós idir lámha amhail ar 01/01/08 go 31/12/08



Iarratais gan réiteach amhail ag deireadh bliana 1997 go 2008



Aguisín 4

Staitisticí Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Staitisticí i gcás Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE don tréimhse 01/01/2008 go 31/12/2008



I measc freagraí ar cheisteanna Alt 21 agus ar iarratais fhoirmeáilte gheofar roinnt freagraí ar cheisteanna agus ar iarratais a rinneadh i 2007.

Fiosruithe Airteagal 21 ar Bhallstáit - 2008



Airteagal 21 Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE go Stáit eile de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath an AE i 2008

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Noll	Iomlán
Iarratais 2008	*56*	*77*	*38*	*84*	*47*	*14*	*75*	*86*	*131*	*76*	*125*	*47*	*856*

Freagraí ar Airteagail 21 eisithe i 2008



Iarratais Fhoirmeálta ar Bhallstáit - 2008



Iarratais Fhoirmeálta ar Bhallstáit Eile

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Noll	Iomlán
Iarratais 2008	*53*	*36*	*34*	*40*	*23*	*28*	*44*	*53*	*36*	*53*	*40*	*35*	*475*

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeálta a eisíodh 2008



Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile chuig Éirinn - 2008



Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile chuig Éirinn - 2008

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Noll	Iomlán
Iarratais 2008	*15*	*11*	*9*	*16*	*16*	*13*	*13*	*12*	*18*	*18*	*8*	*10*	*159*

Freagraí ar Iarratais Fhoirmeálta ó Bhallstáit eile chuig Éirinn - 2008



Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE i 2008



Aistrithe faoi Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE i 2008

Mí	Ean	Fea	Már	Aib	Beal	Meith	Iúil	Lún	M.F.	D.F.	Sam	Noll	Iomlán
Aistrithe Isteach	*4*	*12*	*3*	*8*	*7*	*5*	*6*	*7*	*6*	*10*	*4*	*5*	*77*
Aistrithe Amach	*25*	*20*	*33*	*17*	*21*	*19*	*17*	*22*	*25*	*27*	*23*	*22*	*271*

Aguisín 5

Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2008

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Aguisín 5 – Ceisteanna a d'Fhreagair an tIonad Seirbhísí do Chustaiméirí agus An tAonad Cóipeála/Clárúcháin i 2008

Tábla A

Catagóir	Uimh. Próiseáilte
Litreacha agus Facsanna	13,645
Ceisteanna Gutháin	5,199
Ceisteanna Ríomhphoist*	10,929
Iomlán	**29,773**

**Ar na ceisteanna riomhphoist a fuarthas bhí 8,270 ceist a fuarthas bealach post na hOifige agus 2,659 ríomhphost maidir le heolas a roinnt le heagraíochtaí rialtais eile.*

Tábla B

Catagóir	Uimh. Próiseáilte
Ceisteanna	3,693
Comhaid cóipeáilte	3,811
Idirbhearta aistrithe comhad	12,995
Iomlán	**20,499**

Nóta: Tagraíonn an t-iomlán de chomhaid a cóipeáladh don líon de chomhaid iarbhír a fótacóipeáladh ach ní léiríonn sé go gcuirtear ceithre chóip de gach comhad ar fáil i bhformhór na gcásanna.

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Aguisín 6

Sonraí Airgeadais

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Gluais Téarmaí

Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe Tuarascáil Bhliantúil 2008

Gluais Téarmaí

Eolas faoi Thír Thionscnaimh (COI) Bíonn Eolas faoi Thír Thionscnaimh (COI) comhdhéanta den iliomad cineál eolais dála reachtaíocht, tuairiscí nuachta, léarscáileanna, doiciméid oifigiúla m.sh. pasanna, ceada oibre. Úsáidtear é mar chabhair chun substaint iarratais ar chinneadh stádas dídeanaí a chinneadh.

Cinneadh Stádas Dídeanaí Mar a dtagraítear dó in alt 17 den Acht, mar a dtugann an tAire don dídeanaí lena mbaineann, tar éis mholadh ón gCoimisinéir Iarratais do Dhideanaithe, nó i ndiaidh cinneadh ag an mBinse Achomharc do Dhídeanaithe moladh an Choimisinéara a chur i leataobh, ráiteas i scríbhinn gur dídeanaí é/í.

Tháinig **Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE**, i bhfeidhm ar an 1 Meán Fómhair 2003, in ionad Choinbhinsiún Bhaile Átha Cliath. Soláthraíonn an Rialachán seo modh chun a chinneadh cén tír de chuid Rialachán Bhaile Átha Cliath II an AE atá freagrach as iarratas ar stádas dídeanaí a scrúdú san Aontas Eorpach. Tá gach Ballstát den Aontas Eorpach faoi cheangal ag an Rialachán. Oibríonn an Íoslainn agus an Iorua an Rialachán freisin.

EURASIL (Líonra an Aontais Eorpaigh do chleachtóirí tearmainn / Réseau de l'UE pour les praticiens de l'asile) Fóram le haghaidh cleachtóirí tearmainn san AE chun eolas a mhalartú ar cheisteanna tearmainn mar córais chinneadh stádas dídeanaí agus córais eolais faoi thír thionscnaimh.

EURODAC Córas chun méarloirg a mhalartú go leictreonach idir bhallstáit de chuid an Aontais Eorpaigh mar aon leis an Íoslainn agus an Iorua. Cuirtear méarloirg ar aghaidh chuile lá go dtí bunachar sonraí lárnach i Lucsamburg.

Acht na nDídeanaithe 1996 An phríomh-mhír reachtaíochta a dhéileálann le dídeanaithe agus le lucht iarrtha tearmainn ná Acht na Dídeanaithe, 1996, a tháinig i bhfeidhm i Samhain 2000. Comhshnaidhmeann an tAcht Coinbhinsiún na Ginéive 1951 Acht 1996 leis an dlí baile. Foráiltear ann do bhunú na hOifige agus an Bhinse Achomhairc do Dhídeanaithe agus leagtar amach ann creat le haghaidh cinneadh iarratas ar thearmann. (Leasaíodh Acht 1996 ag an Acht Inimirce 1999, Acht na nInimirceoirí Mídhleathacha (Gáinneáil) 2000, an Acht Inimirce 2003 agus an Acht Imirce, 2004).

Seirbhísí Dlí do Dhídeanaithe Is seirbhís í an tSeirbhís Dlí do Dhídeanaithe a sholáthraíonn an Bord Cúnamh Dlí agus cuireann sí seirbhísí dlí ar fáil d'iarrathóirí atá ag lorg stádas dídeanaí.

Coinbhinsean na NA do Dhídeanaithe Is ionstraim idirnáisiúnta chun stádas dlíthiúil dídeanaithe a mhíniú é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le stádas dídeanaithe, a síníodh sa bhliain 1951. Ghlac Comhdháil Lánchumhachtach de chuid na Náisiún Aontaithe an Coinbhinsiún a bhaineann le Stádas Dídeanaí an 28 Iúil 1951, agus tháinig sé i bhfeidhm an 21 Aibreán 1954. Tá reachtaíocht na hÉireann i ndáil le dídeanaithe bunaithe ar na prionsabail i gCoinbhinsiún 1951.

Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe (UNHCR) Bunaíodh Oifig Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe an 1 Eanáir 1951. Nótáiltear go sonrach i gCoinbhinsiún 1951 go bhfuil de chúram ar Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Dhídeanaithe maoirsiú a dhéanamh ar choinbhinsiúin idirnáisiúnta ina ndéantar foráil maidir le cosaint a sholáthar do dhídeanaithe, agus a chinntiú go ndéantar comhordú éifeachtach ar na bearta a dhéantar chun dul i ngleic leis an bhfadhb sin i gcomhar leis na Stáit éagsúla.